comhairle chontae na mí
*meath county council*

# Údaráis Áitiúla na Mí

# Tuarascáil Bhliantúil

# 2010

Clár Ábhair


1. Brollach .......... 3
2. Daonlathas Áitiúil .......... 4
3. Pobal, Fiontar, Áineas, Cultúr agus Oidhreacht .......... 9
4 Seirbhísí Corparáideacha .......... 18
5 Forbairt, Eacnamaíochta agus Nuálaíocht .......... 21
6 Seirbhísí Comhshaoil .......... 22
7. Tithíocht .......... 30
8 Acmhainní Daonna .......... 33
9 Teicneolaíocht an Eolais .......... 33
10 Infrastruchtúr .......... 34
11 Pleanáil .......... 37
12 Comhairlí Baile .......... 41
*12.1 Ceanannas* .......... 41
*12.2 An Uaimh* .......... 43
*12.3 Baile Atha Troim* .......... 45
13 APPENDIX 1: SPC Baill .......... 46
14 APPENDIX 2: SPC Gniomhaíochtaí .......... 49
15 APPENDIX 3: Coistí .......... 50
16 APPENDIX 4: Comhdhálacha in Éirinn .......... 54
17 APPENDIX 5: Comhdhálacha thar lear .......... 56
18 APPENDIX 5: Cruinnithe de Chomhairle - 2010 .......... 56
19 APPENDIX 6: Ráiteas Airgeadais Bliantúil .......... 57

## 1. Brollach

Tugann foilsiú na Tuarascála Bliantúla 2010 seo deis chun gnóthachtálacha agus dul chun cinn an iliomad seirbhísí a chuireann Údaráis Áitiúla na Mí ar fáil a léiriú, agus eolas a thabhairt ina leith. Tugtar mionsonraí faoin dul chun cinn a rinneadh maidir leis na tionscadail infreastruchtúir, lena n-áirítear bóithre, uisce, séarachas, tithíocht agus comhshaol, a bhrú chun cinn, sna codanna éagsúla den tuarascáil.

Buaicphointe 2010 gan amhras oscailt Scéim Mhótarbhealach an M3 Cluain Aodha go dtí an taobh ó thuaidh de Cheanannas, ceann de na tionscadail bhóithre aonair is mó riamh a tógadh sa Stát. Cuireadh an tionscadal M3 arbh fhiú €1 billiún é i gcrích mar Chomhpháirtíocht Phríobháideach Phoiblí idir an tÚdarás um Bóithre Náisiúnta ag obair le Comhairle Chontae na Mí agus Eurolink Motorway Operations (M3) Ltd. Cuireann an scéim leis an infheistíocht atá déanta sa Chontae cheana féin, mar shampla an **€110** milliún a caitheadh cheana féin ar an Líonra Bóithre Réigiúnacha Straitéise. Cuireadh an chéad chéim de thionscadal iarnróid na hUaimhe i gcrích chomh maith nuair a osclaíodh seirbhís iarnróid Dhún Búinne, rud a d'éascaigh cúrsaí do chomaitéirí a thaistilíonn go dtí lár chathair Bhaile Átha Cliath agus ar ais. Cuirfidh an tionscadal iarnróid, i gcomhar le hoscailt an M3 ar bhealach ollmhór le forbairt eacnamaíoch inbhuanaithe Chontae na Mí amach anseo.

Is tosaíocht i gcónaí é díriú ar fhorbairt eacnamaíoch agus cur chun cinn Chontae na Mí mar phríomháit d'infheistíocht isteach. **D'fhorbair Aonad Forbartha Eacnamaíochta & Nuálaíochta agus Rannóg TE na Comhairle** www.meatharoundtheworld.com líonra nuálaíocht ar fud an domhain atá tiomanta do gach duine ar spéis leo gnó a dhéanamh i gContae na Mí a thabhairt le chéile. Is féidir úsáid a bhaint as an láithreán chun deiseanna gnó agus tionscnaimh nua a phlé agus le bualadh le comhpháirtithe, infheisteoirí, custaiméirí agus soláthraithe ionchasacha ar líne. Is deis é an Mhí agus a cuid saoránach a chur chun cinn i measc an phobail ghnó idirnáisiúnta agus le cuideachtaí agus tionscail nua a mhealladh chuig an gContae. Is é an cuspóir atá againn an Mhí a chur chun cinn ní amháin mar Phríomhchontae Oidhreachta na hÉireann ach mar cheann scríbe turasóireachta den scoth agus mar rogha suíomh gnó d'infheisteoirí chomh maith.

D'ainneoin na géarchéime airgeadais ag leibhéal náisiúnta agus áitiúil, leanamar orainn ag seachadadh seirbhísí éifeachtúla agus cáilíochta le líon foirne níos lú agus le hioncam laghdaithe. Bhí dhá thréimhse fhada d'fhíor-dhrochaimsir ann sa gheimhreadh 2010 agus bhí drochthionchar acu ar ghluaisteacht na ndaoine agus ar a ngníomhaíoctaí laethúla. Ba mhaith linn buíochas a ghabháil lenár bhfoireann agus le gach duine a raibh baint acu leis an obair agus leis an ndíograis maidir le freagairt do na dúshláin a bhain leis an aimsear neamhghnách sin, agus iad a bhainistiú, go háirithe as an obair a rinneadh de ló agus d'oíche chun na líonraí bóithre a choinneáil oscailte agus chun soláthar uisce a choimeád ar feadh an Chontae.
Léirítear an tiomantas leanúnach ó thaobh tacú le pobail sa tuarascáil seo chomh maith agus leanann an Chomhairle ar aghaidh ag obair i gcomhar leo chun uilechuimsitheacht shóisialta a chur chun cinn agus chun rannpháirtíocht i bhforbairt chláir chultúrtha agus chomhshaoil.

Ní fhéadfaí na gnóchain go léir a luaitear sa Tuarascáil Bhiantúil seo a bhaint amach gan comh-ionchur ó Chomhairleoirí, Chathaoirligh agus Chomhaltaí na gCoistí um Beartas Straitéiseacha, na gCoistí Ceantar, ón bhFoireann Bainistíochta agus ón bhFoireann, i gcomhar leis an iliomad eagraíochtaí deonacha agus pobail. Is féidir, agus tabharfar le tiomantas leanúnach chách, aghaidh ar na dúshláin atá fós os comhair ár gcontae agus táimid ag tnúth le dul i ngleic leis na dúshláin sin le chéile sa bhliain amach romhainn.



Ann Dillon-Gallagher

Cathaoirleach



Tom Dowling

County Manager

## 2. Daonlathas Áitiúil

| | Electoral Area | Name | Address | Policitical | Phone No. | Email |
|---|---|---|---|---|---|---|
|  | Dunshaughlin | Cllr. Regina Doherty | 2 Glebe Park, Ratoath | Fine Gael | 01 8257204 087 2680182 | Regina.doherty@finegael.ie |
|  | | Cllr. Joseph Bonner | Donaghmore, Asbourne. | Non-Party | 087974956 3 | Jbonner@members.meathcoco .ie |
|  | | Cllr. Niamh McGowan | 3 Hunter's Lane, Ashbourne | Labour | 086 2244666 | Niamhformeath@gmail.com |
|  | | Cllr. Brian Fitzgerald | Warrenstown, Kilcock. | Non-Party | 01 8251847 087 2508247 | Briannfitzgerald@yahoo.com |
|  | | Clr. Nick Killian | Ballybin, Ratoath, Ashbourne | Fianna Fáil | 01 8256700 086 8109018 | Nkillian@members.meathcoco. ie |
|  | | Cllr. Noel Leonard | 4 St. Patrick's Park, Dunboyne | Fianna Fáil | 01 8251216 087 2345186 | Nleonard@members.meathcoc o.ie |

| | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
|  | | **Cllr Maria Murphy** | **3 The Close, Lutterell Hall, Dunboyne** | **Fine Gael** | **01 8252182 087 6579895** | mariacmurphy@eircom.net |

| | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
|  | **Kells** | **Cllr. John V. Farrelly** | **Hurdlestown, Kells.** | **Fine Gael** | **046 9241290 046 9073737 086 2585154** | Remaxroyalcounty@eircom.net |
|  | | **Cllr. Catherine Yore** | **The Rock, Rathendrick, Carnaross, Kells** | **Fine Gael** | **046 9245047 086 3919003** | catherineannyore@hotmail.com |
|  | | **Cllr. Eugene Cassidy** | **Possextown, Nobber** | **Fine Gael** | **046 9052116 086 3717686** | ecassidy@members.meathcoco.ie |
|  | | **Cllr. Oliver Fox** | **Cogan St, Oldcastle** | **Fianna Fáil** | **049 8542774 087 2795741** | Johnoliverfox@gmail.com |
|  | | **Cllr. Bryan Reilly** | **Rockfield Road, Kells** | **Fianna Fáil** | **046 9240122 086 2599184** | **bryan@bryanreillyauctioneers.com** |

| | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
|  | **Navan** | **Cllr. Francis Deane** | **5 Blackwater Drive, Navan** | **Non-Party** | **046 9023696 046 9022587 086 1234856** | fideane1@eircom.net |
|  | | **Cllr. Shane Cassells Cllr. Shane Cassells** | **52 Oakleigh, Navan** | **Fianna Fáil** | **01 8407107 086 3399198** | Scassells@members.meathcoco.ie |
|  | | **Cllr. Suzanne Jamal** | **Flemington, Balrath, Navan** | **Fine Gael** | **041 9825567 087 7971297** | suzjamal@hotmail.com |
|  | | **Cllr. Jim Holloway** | **Farganstown, Navan** | **Fine Gael** | **046 9028661 086 2355236** | Jholloway@members.meathcoco.ie |
|  | | **Cllr. Jenny McHugh** | **Laracor, Trim** | **Labour** | **046 9431775 086 0414217** | jenny.mchugh@gmail.com |
|  | | **Cllr. Joe Reilly** | **Faughan Hill, Bohermeen, Navan** | **Sinn Fein** | **046 9028392 046 9021345 087 2478508** | Joereilly@members.meathcoco.ie |
|  | | **Cllr. Tommy Reilly** | **Ardsallagh, Navan** | **Fianna Fáil** | **046 9027588 087 7450149** | tommyreilly@members.meathcoco.ie |

| | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
|  | **Slane** | **Cllr. Sirena Campbell** | **Smithstown, Julianstown** | **Fine Gael** | **087 6444681** | Sirena.campbell@ireland.com |
|  | | **Cllr. Jimmy Cudden** | **23 St Cianan's Villas, Duleek** | **Non-Party** | **041 9823353 086 8246484** | Jcudden@members.meathcoco.ie |
|  | | **Cllr. Ann Dillon-Gallagher** | **Loughbracken, Drumconrath, Navan** | **Fine Gael** | **041 6854487 086 8800866** | adgallagher@members.meathcoco.ie |
|  | | **Cllr. Eoin Holmes** | **Blackhill, Heathstown, Stanmullen.** | **Labour** | **087 2242 765** | eholmes@members.meathcoco.ie |
|  | | **Cllr. Seamus O'Neill** | **Main St, Duleek** | **Non-Party** | **041 9823467 086 8548183** | seamusoneill2@eircom.net |
|  | | **Cllr. Wayne Harding** | **The Village Inn, Slane** | **Fianna Fáil** | **041 9824230 087 7446730** | waynemharding@gmail.com |

| | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
|  | **Trim** | **Cllr. William Carey** | **Newcastle, Enfield** | **Fine Gael** | **046 9541064 085 7135073** | Wcarey@members.meathcoco.ie |
|  | | **Cllr. Jimmy Fegan** | **Clonfane, Trim** | **Fianna Fáil** | **046 9431146 087 8304646** | Jfegan@members.meathcoco.ie |
|  | | **Cllr. Ray Butler** | **7 Swift Court, Trim** | **Fine Gael** | **046 9437589 086 1012088** | raybutlertrim@eircom.net |
|  | | **Cllr. Tracy McElhinney** | **Ballivor** | **Labour** | **046 9567641 086 8781785** | tracyloughlin@hotmail.com |

## 3. FIONTRAÍOCHT POBAIL, ÁINEAS, CULTÚR AGUS OIDHREACHT

Tá freagracht ar an Rannóg Fiontraíochta Pobail, Áineasa, Cultúir agus Oidhreachta as:

- Bord Forbartha Chontae na Mí
- Forbairt Pobail & Fiontraíochta
- Tionscnaimh Mórtais Cheantair
- Scéim Deontas Pobail/Saoráidí Taitneamhachta, Áineasa agus Fóillíochta
- Oidhreacht
- Na hEalaíona
- Seirbhís Leabharlainne
- Clár RAPID (Ceantair a Athbheochan trí Phleanáil, Infheistíocht agus Forbairt)
- Comhpháirtíocht Áitiúil Spóirt na Mí

### *3.1. Bord Forbartha Chontae na Mí*

Chas Bord Forbartha Chontae na Mí le chéile ceithre huaire in 2010. Rinne Gníomhaireachtaí cuir i láthair, lenar áiríodh:

- JIGSAW na Mí – Tionscadal Meabhairshláinte don Óige
- Teagasc – Talmhaíocht sa Mhí.
- FÁS - Oiliúint.
- Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte – Cúram Príomhúil, Pobail & Leanúnach
- Fáilte Ireland - Turasóireacht
- Ionad Oibrithe Deonacha na Mí
- Fiontraíocht Éireann
- IDA
- An Earnáil Phobail & Dheonach - Costas na Forbartha Pobail d'Fhorbairt Phobail Neamhbhrabúis
- Report on Comhairle na nOg

Mar fhreagra ar Chiorclán LG24/09, rinne Bord Forbartha Chontae na Mí athbhreithniú ar Straitéis Idirghníomhaireachta na Mí do Phobal an Lucht Siúil. Ullmhaíodh an Doiciméad Tosaíochtaí Straitéiseacha 2010 – 2013 – Saolta an Lucht Siúil a Fheabhsú Le Chéile/Together Improve the Lives of Travellers (TILT). Tá maoiniú do 2011 deimhnithe ag ceann de na tionscadail ón straitéis bunaidh, Tionscnamh Fostaíochta do Lucht Siúil na Mí, a bunaíodh in 2008.
Thacaigh Bord Forbartha an Chontae le Plean Gnímh a chuir an fo-choiste eacnamaíochta amach in 2010.

### *3.2. Forbairt Phobail*

#### 3.2.1. *Fóram Pobail agus Deonach*

Chas an Grúpa Stiúrtha le chéile 10 uair i rith 2010 agus thionóil sé a Chruinniú Cinn Bliana i mí Bealtaine 2010. Dhírigh an aoíchainteoir don chruinniú ar Chórais Teileachúraim agus bhí deontais ar fáil ón Roinn Gnóthaí Pobail, Tuaithe & Gaeltachta. Thionóil Fóraim Cheantar Dhún Seachlainn tráthnóna Buail & Beannaigh Dá Chéile i mí na Samhna 2010 chun a ngrúpa a athsheoladh agus ghlac 14 cainteoir ón bpobal páirt ann. Tugann an Roinn Comhshaoil, Oidhreachta & Rialtais Áitiúil leis an bhfóram tacaíocht airgeadais don fhóram gach bliain.

#### 3.2.2 Forbairt TE Phobail

Láithreáin Ghréasáin Acmhainne
Lean na láithreáin ghréasáin Pobail & Scoileanna Ar Líne Le Chéile, Eolaire Oideachais agus Oiliúna na Mí (www.metd.ie) Tairseach Cúraim na Mí (www.meathcareportal.ie), Eolaire Seirbhísí Tacaíochta na Mí (www.meathsupportservices.ie), Meath4Funding (www.meath4funding.ie) agus liostaí Maoine Gnó na Mí (www.meathbusinessproperty.ie) ag cur acmhainní agus eolas luachmhara ar fáil don phobal.

## 3.2.3 Uilechuimsitheacht Shóisialta

### *3.2.3.1 An Grúpa SIM*

Oibríonn an Grúpa SIM mar fhóram líonraithe agus roinnte eolais do ghrúpaí idirghníomhaireachta agus forbartha áitiúla sa Chontae. Chuathas i gcomhairle leis an ngrúpa i ndáil le Straitéis Idirghníomhaireachta na Mí don Athbhreithniú ar an Straitéis do Phobal an Lucht Siúil, le hiarratas Chomhpháirtíocht na Mí ar mhaoiniú faoin gClár Forbartha Pobail Áitiúil (LCDP), agus le Tiny Talk – tionscadal teiripe urlabhra do leanaí, chomh maith.

### *3.2.3.2 An tAonad Uilechuimsitheachta Sóisialta*

Tá an tAonad Uilechuimsitheachta Sóisialta do Chomhairle Chontae na Mí maoinithe i bpáirt ag an Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil i gcónaí. Bhliain na hEorpa chun Dul i nGleic le Bochtaine agus Eisiamh Sóisialta a bhí ann in 2010. Thionóil Aonad Uilechuimsitheachta Sóisialta na Mí, i gcomhar le Leabharlanna na Mí, Comhpháirtíocht Spóirt Áitiúil na Mí, Comhpháirtíocht na Mí, RAPID, Comhairle na nÓg, Cultúr, Rehab Ireland, agus Staidiam Claremont, imeachtaí chun an t-ábhar sin a chur chun cinn i mí Bealtaine agus le linn Sheachtain na hUilechuimsitheachta Sóisialta i mí Dheireadh Fómhair.

### *3.2.3.3 An Óige*

Lean comhordaitheoir páirt-aimseartha ar aghaidh ag obair le Comhairle na nÓg Chontae na Mí i rith 2010. Oibrítear dhá lá sa tseachtain sa ról sin agus maoinítear é tríd an gciste forbartha a d'eisigh Oifig an Aire Leanaí agus Gnóthaí Óige.
Chuathas i gcomhairle le comhaltaí Chomhairle na nÓg Chontae na Mí ar roinnt saincheisteanna a d'fhéadfadh tionchar a imirt ar shaolta dhaoine óga i gContae na Mí. Seo a leanas cuid de na saincheisteanna sin:
Athchóiriú ar an tSraith Shóisearach, agus Páipéar Bán ar Choireacht, an Roinn Dlí agus Cirt agus Athchóirithe Dlí, agus Tionscadal Ttírdhreacha Tara, Ceistneoir ar an Óige agus ar Iompar.

Ghlac an Chomhairle páirt i bParáid Lá Fhéile Pádraig, sa tSeachtain Náisiúnta Taitneamhachta agus i Seachtain na hUilechuimsitheachta.

### *3.2.3.4 Tionscadal Meabhairshláinte don Óige*

D'éascaigh Bord Forbartha an Chontae iarratais ar chúnamh deontais suntasach chuig Oifig an Aire Leanaí agus Gnóthaí Óige i rith 2010. D'éirigh le dhá thionscadal do Chontae na Mí. Fuair JIGSAW na Mí maoiniú €75,300 agus fuair Cónaidhm Óige na Mí €10,000.

### 3.2.4.5 *Míchumas*

Fuarthas maoiniú iomlán de €223,035 (maoiniú caipitil €215,535 agus €7,500 le haghaidh chaiteachas reatha) faoin Scéim Mhaoinithe don Phlean Straitéise Náisiúnta Míchumais. Cuireadh tús ansin le hobair ar thionscadail, mar shampla, ar dhoirse uathoibríocha ag oifigí poiblí, spásanna i gcarrchlóis a uasghrádú agus feabhsúcháin ar linn snámha Cheanannais. Chas Coiste Comhairleach na Mí um Míchumas le chéile trí huaire i rith 2010.

### *3.2.4.6 Rapid*

Rinneadh athfhorbairt ar Chlár Rapid na hUaimhe agus cuireadh leis an líon comhaltaí ar Fhoireann Feidhmithe Cheantar RAPID na hUaimhe. Chuathas i mbun earcaíochta don Choiste Comhairleach Pobail RAPID. Baineadh amach níos mó rannpháirtíochta agus baint níos mó ag gníomhaireachtaí stáit áitiúla sa chlár. Cuireadh tús le taighde ar phlean oibre nua a ullmhú don cheantar RAPID. Dháil Pobal €7,000 ar AIT RAPID na hUaimhe i dtreo an Bhuiséid Tacaíochta Pobail.

### *3.3 Tionscnaimh Mhórtas Ceantair*

Tugadh 175 tionscadal de chuid na dTionscnamh Mhórtas Ceantair Bliantúil chun críche in 2010, i measc grúpaí pobail agus deonacha agus scoileanna. Áiríodh ar na tionscadail sin go leor scéimeanna feabhsúcháin baile agus sráidbhaile, spásanna taitneamhachta a chur ar fáil agus a chothabháil, tionscadail bhithéagsúlachta, scéimeanna athchúrsála agus aisghabhála, plandáil inbhuanaithe, múiríniú pobail agus forbairt ar ghairdíní inbhuanaithe in go leor scoileanna le go bhféadfadh leanaí scoile bia a tháirgeadh. Baile an Chaisleán a bhuaigh an duais foriolmán ag searmanas san Uaimh i mí Dheireadh Fómhair, agus fuair go leor tionscadal den scoth eile aitheantas as a gcuid iarrachtaí. Scoil Náisiúnta Naomh Pádraig i Stigh Colláin a bhuaigh an príomhdhuais i gcatagóir na scoileanna.

#### *3.3.1 Duaiseanna Mhórtas Ceantair Uile-Oileánda Co-Operation Ireland*

Bhí sé d'onóir ag Contae na Mí na Duaiseanna Mhórtas Ceantair Uile-Oileánda a óstáil in 2010. Reáchtáladh an ócáid san Óstán Knightsbrook i mBaile Átha Troim, áit ar chas an t-amhránaí a bhuaigh an comórtas Eurovision faoi dhó, Johnny Logan, do 600 aoi ó ar fud an oileáin uile. Bronnadh pasanna do chuairt ar Chaisleán Bhaile Átha Troim agus ar Bhrú na Bóinne orthu chomh maith.
Fuair Grúpa na hUaimhe Mainistir Athlumney an duais mhór le rá an t-eastát tithíochta is fearr in Éirinn, agus fuair Baile Átha Troim agus Maigh nEalta duaiseanna chomh maith. Fuair Fiontair an Chnoic Theas as Baile Átha Buí agus Scoil Chláirseacha na Mí as an Obair ardmholadh ó na moltóirí agus iad ag tabhairt a mbreithiúnas.
Is iomaí aoi a dúirt gur bhain siad sult as a gcuairt ar an Mí agus go raibh sé de rún acu filleadh lena dteaghlach agus lena gcairde.

#### *3.3.2 An Léig Frithbhruscair 2010*

Ghlac seachtó ocht grúpa pobail agus deonach agus cúig meánscoil páirt sa chomórtas seo inar bhailigh na céadta bruscar ó ar fud an chontae thar thréimhse sé seachtaine i Márta agus in Aibreán 2010. Chuir Comhairle Chontae na Mí málaí, lámhainní, prioslóirí, boscaí bruscair agus bailiúcháin dramhaíola ar fáil le cabhrú leis na grúpaí sin, agus tionóladh oíche ghradam in Ionad Ealaíon Ghrianstaid in Aibreán.
Tá an ócáid bhliantúil ag éirí níos fearr agus níos fearr gach bliain agus cabhraíonn sí le grúpaí a gcuid clár oibre don bhliain a chur i bhfeidhm san Earrach ionas go mbeidh siad chun tosaigh agus iad ag tabhairt faoin gComórtas Mórtas Ceantair agus faoi Chomórtas na mBailte Slachtmhara. Ba iad Maigh nEalta, Baile an Chaisleáin agus Dún Búinne a bhuaigh na príomhdhuaiseanna ina gcatagóirí, agus ba í Bunscoil Naomh Pádraig sa tSeanchaisleán a bhuaigh príomhdhuais na scoileanna.

#### *3.3.3 Tionscadail Pobail Comhshaoil agus Scéim Deontas Oibreacha*

Tá dhá scéim ar fáil faoi láthair sa Chontae, in Knockharley agus i mBaile Chearráin, le haghaidh oibreacha feabhsúcháin comhshaoil. D'fhéadfadh grúpaí pobail agus líonta tí ceadaithe sa dá limistéar sin cáiliú do chúnamh deontais faoin Scéim seo. Seoladh Scéim Bhaile Chearráin in 2010. I ngach cás déanann coiste áitiúl moltaí agus téann siad ar aghaidh chuig an gComhairle iomlán lena gceadú.

### *3.4 Oifig na nEalaíon*

Oibríonn Seirbhís na nEalaíon de chuid Comhairle Chontae na Mí go dlúth le healaíontóirí, daoine aonair agus pobail chun cur leis an rochtain agus an bhfeasacht ar na healaíona agus leis an rannpháirtíocht iontu ar feadh gach disciplín agus gach earnáil sa tsochaí. Baineann sí é sin amach trí shraith bhliantúil imeachtaí cultúir a chur ar fáil, ina measc tionscadail ceoil, damhsa, drámaíochta, físealíne, litríochta agus ealaíona rannpháirteacha. Cuireann sé raon leathan deiseanna maoinithe ar fáil freisin d'ealaíontóirí agus do ghrúpaí

as gach disciplín, idir amaitéarach agus gairmiúil, chomh maith le seirbhís chuimsitheach eolais agus comhairle. Feidhmíonn sí mar éascaitheoir d'eagraíochtaí ealaíon freisin agus bíonn ról ollmhór aici i bhforbairt thionscadail infreastruchtúir ealaíon agus samhlacha deachleachtais don chontae.
Coimisiúnaíodh roinnt saothar nua in 2010 thar raon disciplíní ealaíon, agus cuireadh roinnt saothar a choimisiúnaigh Comhairle Chontae na Mí ar taispeáint don chéad uair. Tá na gníomhartha sin beartaithe tacú le beartas an Údaráis Áitiúil tacú le hiarrachtaí ealaíonta ardcháilíochta, deiseanna fostaíochta a chur ar fáil d'ealaíontóirí agus inbhuanaitheacht agus marthanacht fadtéarmach do na healaíona sa chontae a chur ar fáil.
I measc na gcomhpháirtithe ar oibríodh leo in 2010 bhí: An Chomhairle Ealaíon, Ionad Ealaíon Ghrianstaid, Ionad Pobail Ráth Tó, Alternative Entertainments Ltd., Music Network, Oifig Oidhreachta na Mí, Age and Opportunity Ireland, Cónaidhm Óige na Mí, Seirbhís Lebharlainne Chomhairle Chontae na Mí, Gailearaí Náisiúnta na hÉireann, Bunscoileanna agus Meánscoileanna sa chontae, 25 Ionad Scoir Ghníomhach i gContae na Mí, Meath Harp Ensemble, Tall Tales Theatre Company, Noggin Theatre Company, Rannóg Oideachais For-Rochtana an Cheoláras Náisiúnta.
Forbraíodh comhpháirtíochtaí nua agus rinneadh cinn atá ann cheana féin a chomhdhlúthú le gníomhaireachtaí áitiúla, náisiúnta agus idirnáisiúnta chun beartais agus cuspóirí ealaíne a bhaint amach.

.

### 3.4.1 *Pucas & Potions* - Féile Oíche Shamhna na Leanaí

Ainmnithe mar Fhéile na Bliana ag Gradaim Náisiúnta 'Barr Feabhais sa Rialtas Áitiúil' de chuid Chambers Ireland in 2010, bhí Féile Oíche Shamhna na Leanaí *Pucas and Potions* bunaithe ar an téama traidisiúnta de bhob nó bia. Bíonn lá iomlán gníomhaíochtaí ann ina gcaithfidh na leanaí naoi gcinn de chollchnónna a bhailiú chun an "féirín" a bhailiú ón tSeanchailleach. Leis na gcollchnónna a bhailiú, bhí ar na leanaí páirt a ghlacadh sna gníomhaíochtaí cruthaitheacha a chuimsíonn *Pucas and Potions*. Ina measc sin bhí: Ceardlanna Scabs agus Scars ina raibh ar ghasúir a gcuid gortuithe, marcanna agus coilm réalaíocha féin a chruthú; Ceardlanna Déantús Laindéir; Déantús Puipéid Púca agus scéalaíocht ó ar fud an domhain. Chomh maith leis na ceardlanna rinne na leanaí caidreamh le taibhsí ó Amharclann Óige na Mí, a chuir siamsaíocht ar fáil do na leanaí i rith an lae. D'inis Cloigeann Mór Mogriagh scéal na Samhna agus an tslí ar cuireadh tús leis an traidisiún. Bhí leanaí ábalta a raibh i ndán dóibh a fháil amach freisin leis an mBairín Breac Ollmhór a bhí lán spóirt agus spraoi.
Bhí Féile Ealaíon na Leanaí, *Pucas and Potions* lán spraoi agus gníomhaíochtaí agus mhair sí isteach sa tráthnóna. Tionóladh ócáid 2010 i bPáirc Dhún Seachainn agus mheall sí os cionn 2,500 cuairteoirí an lá sin. Ghlac ocht scoil agus grúpa óige páirt in imeachtaí sna seachtainí roimh an ócáid. Is iomaí grúpa a bhí páirteach san ócáid, mar shampla Grúpa Rehab na Mí, Ógtheagmháil na Mí, Grúpa Ealaíon na Mí, Ionad Pobail Dhún Seachlainn, na Bailte Slachtmhara Cumann Áititheoirí agus os cionn 30 oibrí deonach ó Dhún Seachlainn.

### 3.4.2 Féach

Leanadh le FÉACH – an tionscnamh chun fiontar, na healaíona, cultúr & oidhreacht a bhrú chun cinn in in 2010, nuair a d'eagraíodh ceardlanna gairmiúla d'ealaíontóirí i gcomhar le Tall Tales Theatre Company. Ina measc bhí; Dearadh Soilse, Aisteoireacht don Stáitse, Stiúradh don Stáitse agus Scríobh Drámaí.
Cuireadh oiliúint ar Shláinte agus Sábháilteacht, Cosaint Leanaí, Bainistiú Sluaite agus Bainistiú Ócáidí ar ealaíontóirí agus ar oibrithe deonacha.

### 3.4.3 Coimisiún Ceoil 'Solstice'

An Chéad Léiriú ar Domhan de 'Solstice' leis an gcumadóir a bhfuil gradaim buaite aige, Ciarán Hope. As Dún Búinne ó dhúchas do Chiarán Hope, atá ina chónaí in Los Angeles anois. Roghnaíodh é chun an píosa seo a chumadh tar éis comórtais faoin Scéim Per Cent for Art a bhaineann le hIonad Ealaíon Ghrianstaid. Seinneadh an píosa ag léiriúchán speisialta in Ionad Ealaíon Ghrianstaid an 21 Meitheamh agus fuair sé ardmholadh ó léirmheastóirí.

### 3.4.4 Féile na Bealtaine

Lean Féile na Bealtaine ar aghaidh i gContae na Mí agus choimisiúnaigh Comhairle Chontae na Mí píosa drámaíochta nua. Alice Barry, drámadóir a chónaíonn i gContae na Mí, a scríobh agus a stiúraigh 'Fruitcake' dráma uair an chloig, le banaisteoir amháin, a léirigh Noggin Theatre Company agus a chuaigh ar chamchuairt ar deich n-áit i gContae na Mí. Mary McEvoy, a bhain cáil amach ar Glenroe, a bhí mar aisteoir ann agus bhí an-tóir ag gach lucht féachana ar fud an chontae air.
Musical Memories – comhpháirtíocht nua le Rannóg Oideachais an Cheolárais Náisiúnta. Chuaigh cúigear ceoltóirí gairmiúla ar chamchuairt ar sé áit sa chontae, ina measc tithe altranais, agus iad ag seinm do na daoine a chónaíonn iontu. Cainteanna For-rochtana Ghailearaí Náisiúnta na hÉireann – raon éagsúil de chainteanna agus léachtaí a thug léachtóirí ón nGailearaí Náisiúnta i leabharlanna ar feadh an chontae.

### 3.4.5 Amharclann Óige na Mí

Lean an amharclann i mbun feidhme i Ráth Tó, ag díriú ar scannáin agus léiriúchán scannán in 2010. Buaicphointe na bliana ná taispeántas gearrscannán a rinne rannpháirtithe agus grúpaí óige eile ó ar fud na tíre ar tugadh cuireadh dóibh agus na chéad duaiseanna 'Oscar' d'óige na Mí!

## 3.4.6 Sparántachtaí agus Dámhachtainí 2010

### *3.4.6.1* Scéim Deontas Ealaíon Débhliantúil

Tá an dámhachtain seo beartaithe tacú le gníomhaíochtaí ealaíon áitiúla agus cur le forbairt agus inbhuanaitheacht fadtéarmach na n-ealaíon i gContae na Mí.

### 3.4.6.2 Scéim Deontas d'Fhéilte

Tá an dámhachtain seo beartaithe tacú leis na féilte ealaíon sin a bhíonn ar siúl i gContae na Mí agus a léiríonn tiomantas do chláir ealaíonta ardcháilíochta.

### *3.4.6.3* Ciste Forbartha na nEalaíontóirí Gairmiúla

Tá an scéim seo beartaithe tacú le cleachtóirí gairmiúla na n-ealaíon i gContae na Mí maidir lena saothar a chur i gcrích agus go háirithe chun saothair nua a fhorbairt.

### *3.4.6.4* Dámhachtain Ealaíne Pobail

Tá an dámhachtain seo oscailte do ghrúpaí pobail, eagraíochtaí pobail agus scoileanna. Tá sé mar aidhm aige tacú le grúpaí maidir le maoiniú do thionscadal ealaíon pobail ardcháilíochta a chuireann rochtain ar na hEalaíona agus rannpháirtíocht iontu a chur chun cinn trí bheith ag obair le healaíontóirí gairmiúla.

### 3.4.6.5 Dámhachtain Ionad Tyrone Guthrie

Tugann an sparántacht seo deis don iarratasóir a n-éiríonn leis nó léi am chónaitheachta a chaitheamh in Ionad Tyrone Guthrie.

### *3.4.6.6 Going Solo*

Tá an dámhachtain seo beartaithe tacú le mic léinn sa bhliain deiridh nó iad siúd a bhain céim san ealaíon amach le déanaí, agus atá ag cónaí i gContae na Mí nó arbh as don Chontae iad, trí dheis a thabhairt dóibh a gcéad taispeántas aonair a bheith acu in Ionad Ealaíon Ghrianstaid. Tá sparántacht €650 i gceist leis an dámhachtain chomh maith.

### *3.4.6.7 Scéim Cheannach Uirlisí Ceoil do Scoileanna*

Tá an dámhachtain seo beartaithe acmhainní ceoil na mbunscoileanna agus na meánscoileanna i gContae na Mí a fhorbairt.

### *3.4.6.8* Dámhachtain Cuimhneacháin Tony Finnegan

Tá an dámhachtain seo beartaithe cabhrú le daltaí éirimiúla ag Scoil Chláirseacha na Mí freastal ar fhéile bhliantúil na gCláirseach 'An Chúirt Chruitireachta' arna heagrú ag Cairde na Crúite ag An Grianán, Tearmann Feichín, Co. Lú. Déantar dhá dhámhachtain gach bliain.

### *3.5 Seirbhísí Leabharlainne*

**Táscairí Feidhmíochta do 2010:**

| **Meánlíon na n-uaireanta oscailte poiblí in aghaidh na seachtaine** | |
|---|---|
| **Leabharlanna lánaimseartha** | **36.13** |
| **Leabharlanna Páirtaimseartha** | **13.31** |

| **Líon iomlán na gcuairteanna chuig leabharlanna lánaimseartha** |
|---|
| **530,300** |

| **Stoc Leabharlainne** | |
|---|---|
| | |
| **Líon iomlán na nithe a eisíodh** | **519,391** |

**Líon iomlán na seisiún Idirlín a cuireadh ar fáil – 43,172**

#### 3.5.2 Infreastruchtúr

Pleananna atá go maith chun cinn maidir le síneadh beag ar leabharlann na hUaimhe.
Pleananna atá go maith chun cinn maidir le hIonad Cultúrtha ag Cill Dhéagláin.

#### 3.5.3 Staidéir Áitiúla

Lean an rannóg Staidéar Áitiúil lena cuid oibre maidir le liostú agus oidhreacht Chontae na Mí. Foilsíodh leabhar filíochta *Meath Anthology*, eagarthóir Tom French in 2010, chomh maith le *Meath: Towards a History* le Margaret Conway. Eagraíodh seimineár ar Aloys Fleischmann agus Campa na bPríosúnach Cogaidh an tSeanchaisleáin 1914-1918.

#### 3.5.4 Forbairt Léitheoirí

Bhí údair atá cáiliúil go hidirnáisiúnta mar phríomh-aíonna ag Féile Leabhar na Leanaí bhliantúil i mí Dheireadh Fómhair, ina measc Steve Cole agus an scéalaí Pat Ryan. Eagraíodh 81 ócáid, le ceithre údar déag agus triúr scéalaí ag tabhairt cuairte ar an gcontae. D'fhreastail os cionn 3,000 leanbh ar ócáidí a d'eagraigh foireann leabharlainne agus mar sin ba é seo an ócáid chultúrtha do leanaí is mó a bhí ann i gContae na Mí. Bhí os cionn 1,200 leanbh páirteach i 'Misean Léitheoireachta an tSamhraidh' chun léitheoireacht a chur chun cinn i measc leanaí agus daoine óga. Tionóladh na laethanta bliantúla Lá na Léitheoirí agus Lá na Scríbhneoirí san Uaimh, do chlubanna leabhar agus do ghrúpaí léitheoireachta do dhaoine fásta ar fud an chontae.

**3.5.5 Buaicphointí Eile 2010**

Sháraigh eisiúintí iomlána an leathmhilliún don chéad uair.
- Tugadh Féin-Eisiúint agus Cur ar Ais Uathoibríoch isteach ag 4 príomh-leabharlann.
- D'fhreastail os cionn 2,000 leanbh ar Chlár Samhraidh Seirbhíse Leabharlainne agus Ealaíon Chomhairle Chontae na Mí i mí Iúil agus Lúnasa.
- Osclaíodh Leabharlann Phobail Pháirc Phádraig i gcomhar le Ceardlann Lucht Siúil Chontae na Mí.

***3.6 Seirbhísí Oidhreachta***

**3.6.1 *The Making of Meath* – Leabhar ar Stair Thírdhreach Nádúrtha na Mí**

Scríofa ag geolaí áitiúil, Robert Meehan, insíonn an leabhar seo scéal na láithreán agus na bpátrún is spéisiúla sa chontae agus tugann sé léaráidí díobh. Míníonn sé an gaol idir an talamh agus an duine, i gcaitheamh na mílte bliain ón Oighearaois ar aghaidh, chomh maith.

**3.6.2 Seoladh Ráitis ar Thréithe Limistéir Chaomhantais Ailtireachta (ACA) Chontae na Mí**

Seoladh sraith Ráiteas ar Thréithe Limistéir Chaomhantais Ailtireachta Chontae na Mí i Scoil Headfort i mí Bealtaine. Labhair an Staraí Ailtireachta Kevin Mulligan ar thírdhreach deartha Diméin Headfort**.**

**3.6.3 Seachtain Oidhreachta 2010**

- D'eagraigh Oifig Oidhreachta na Mí roinnt imeachtaí chun Seachtain Oidhreachta 2010 a cheiliúradh, lena n-áirítear:
- Tráthnóna Scéalaíochta le scéil bhéaloidis, finscéalta agus miotais Chontae na Mí
- Caint agus léaráidí ar Thréithe Ailtireachta an tSeanchaisleáin
- Caint ar Stair Pheil Ghaelach na Mí (peil na mban agus na bhfear)
- Lá gníomhaíochtaí dúlra do theaghlaigh i bPáirc Dhealgan, an Uaimh

**3.6.4 Plean Gnímh Bithéagsúlachta Chontae na Mí 2008-2012**

Ghlac Comhairle Chontae na Mí lena céad phlean bithéagsúlachta cúig bliana i mí Aibreáinl 2010. Tugann an plean creat ar fáil don oidhreacht nádúrtha agus bithéagsúlachta a chaomhnú ag an leibhéal áitiúil. Is gníomh de chuid Phlean Oidhreachta Chontae na Mí 2007- 2011 é Plean Gnímh Bithéagsúlachta a chur amach agus is cuspóir é de chuid Phlean Forbartha Chontae na Mí 2007-2013.

**3.6.5 Tírdhreach agus Daoine na Mí – Seimineár Oidhreachta Aon Lae**

D'eagraigh Seirbhís Leabharlainne Chomhairle Chontae na Mí agus Oifig Oidhreachta na Mí an dara seimineár oidhreachta aon lae an 11 Meán Fómhair 2010. D'fhreastail idir 90 agus 100 duine air, agus dhírigh na cainteanna ar Scéim Bhéaloidis na Scoileanna agus an Mhí 1937-1938; an Mhí sa *Dindshenchas*; *The Meath Oral History Collection 2010; The Dictionary of Irish Biography and Collecting Oral Legends Old and New*.

**3.6.6 Taispeántas Ealaíne Meigilitigh**

Léiríodh *Lost and Found*, taispeántas mór a d'fhiosraigh Ealaín Mheigiliteach na Mí i gcomhar le hIonad Ealaíon Ghrianstaid na hUaimhe i mí Mheán Fómhair.
San áireamh sa taispeántas bhí obair mhór George Eogan s on Meath's Megalithic art interlinked with the diverse work of four contemporary artists.Ba iad Brian Fay, Niall de Buitléar, Fiona Hallinan, Anna MacLeod agus Sabina Mac Mahon coimeádaithe an taispeántais a cheistigh gaol an lae inniu idir

ealaín agus suíomhanna cáiliúla Meigiliteacha i gContae na Mí. Foilsíodh leabhrán dar teideal *Meath's Megalithic Art* an tráth chéanna a raibh an taispeántas ar siúl.

### 3.6.7 Gníomh ar son na Bithéagsúlachta

Cuireadh tús in 2010 le tionscadal ollmhór trí bliana, arna mhaoiniú trí INTERREG IVA agus arna chomhordú ag East Border Region Ltd, ar a dtugtar Plean Gníomhaíochta Bithéagsúlachta. Is comhpháirtithe sa tionscadal iad Údaráis Áitiúla na Mí, tionscadal a bhfuil mar aidhm aige cur chuige comhordaithe ar bhithéagsúlacht, caomhnú agus cur chun cinn a chur ar fáil ar bhonn trasteorann agus réigiúin. Is iad na príomhchuspóirí cur leis an acmhainneacht laistigh d'údaráis áitiúla, cur le feasacht agus tuiscint, agus feabhsú agus caomhnú bithéagsúlachta.

### 3.6.8 Féile Swift Bhaile Átha Troim 2010

Tionóladh an ceathrú Féile Swift Bhaile Átha Troim an 1 go 4 Iúil. Déanann an fhéile ceiliúradh ar shaol, shaothar agus oidhreacht Jonathon Swift, lena n-áirítear roinnt imeachtaí a bhfuil mar aidhm acu cur leis an eolas agus leis an bhfeasacht ar oidhreacht chultúrtha Bhail Átha Troim. Alastair Campbell a bhí mar aoi speisialta Fhéile 2010. Choimisiúnaigh agus d'fhoilsigh Oifig Oidhreachta na Mí leabhrán ar Bhaile Átha Troim in aimsir Swift: *People and Places*.

### 3.6.9 Suirbhé ar Chrainn, Choillearnach agus Fálta Sceach na Mí

Rinne Comhairle Chontae na Mí suirbhé ar chrainn (lena n-áirítear crainn suntasacha, aibí, seaimpín agus oidhreachta), choillearnach agus fálta sceach suntasacha i gContae na Mí. Thug an suirbhé sonraí éiceolaíochta bunlíine, lena n-áiríteara aitheantas agus mapáil maidir le cineál, fairsinge agus riocht, i ndáil le coillearnaigh agus fálta sceach roghnaithe i gContae na Mí. Cuireadh amach tuarascáil le léaráidí, GIS don tionscadal agus leabhrán agus postaer oideachais.

# 4 SEIRBHÍSÍ CORPARÁIDEACHA

## *4.1* Imeachtaí Corparáideacha

### *4.1.1* Seoladh an Phlean Sábháilteachta ar Bhóithre

D'fhoilsigh Comhairle Chontae na Mí an Dara Plean Sábháilteacht ar Bhóithre 2010 – 2012 agus seoladh é ag Noel Dempsey, T.D. agus Aire Iompair an 28 Meitheamh ag Ionad Ealaíon Ghrianstaid. Is é cuspóir an Phlean Sábháilteacht ar Bhóithre tógáil ar na spriocanna a baineadh amach go dtí seo agus a chinntiú go mbeidh sábháilteacht ar bhóithre mar bhonn taca do gach beart beartais iompair sa Chontae. Beidh Comhairle Chontae na Mí ag obair i gcomhar leis na Gardaí, an tÚdarás um Shábháilteacht ar Bhóithre, an NRA agus an Roinn Iompair, chun an Plean Sábháilteacht ar Bhóithre a chur i bhfeidhm. Is é an príomhchuspóir an líon básanna ar na bóithre a laghdú go dtí líon nach mó ná 60 bás in aghaidh an mhilliúin faoi dheireadh 2012 agus 50 nó níos lú sna blianta ina dhiaidh sin. Tá sprioc leagtha amach chomh maith chun laghdú 15% a bhaint amach ar an líon díobhálacha i gcaitheamh na tréimhse céanna. Tá na spriocanna sin ag teacht le Straitéiseacha Náisiúnta agus AE maidir le Sábháilteacht ar Bhóithre. Tá béim láidir ar cur le feasacht, ar oideachas agus ar thionscnaimh nua a fhorbairt. Bainfear na spriocanna amach trí na ceithre ghné de Chreat Beartais an Údaráis um Shábháilteacht ar Bhóithre a chur i bhfeidhm, eadhon Oideachas, Forfheidhmiú, Innealtóireacht, Meastóireacht. Tá gach ceann díobh sin neadaithe sa Phlean. Tabharfaidh na gníomhartha sa Phlean deis do spriocanna arna n-aithint sa Straitéis Sábháilteacht ar Bhóithre reatha a chomhlíonadh.

### *4.1.2* Bronnadh Theachíní Rae an Chabháin

Bhí Comhairle Chontae na Mí mórtasach as cuid d'oidhreacht Bhaile Shláine a fháil nuair a bhronn an 8ú Marcas Conyngham Teachíní Rae an Chabháin ar Chomhairle Chontae na Mí Dé Luain 23 Lúnasa. Rinneadh an bronnadh oifigiúil i Seomra na Comhairle i láthair an Chathaoirligh, an Comhairleoir Ann Dillon-Gallagher, Bhainisteoir an Chontae agus chomhaltaí Chumann Staire Bhaile Shláine. Bhí ríméad ar chomhaltaí Chumann Staire Bhaile Shláine nuair a d'fhógair an Tiarna Henry bronntanas €5000 don chumann le cabhrú le forbairt an tionscadail. Tá na teachíní ceardaithe ón 18ú aois, a tógadh d'fhostaithe Chaisleán Bhaile Shláine, i láthair iontach agus léiríonn siad túsphointe Shlí Oidhreachta Bhaile Shláine chun ceiliúradh a dhéanamh ar chomóradh lane 250 bliain ar Bhaile Shláine mar shráidbhaile eastáit saintógtha.

## *4.2* Deontais Ardoideachais

In 2010 chabhraigh Comhairle Chontae na Mí le mic léinn faoi na Scéimeanna Deontas Ardoideachais 2009/2010 agus 2010/2011.
Cuireadh níos mó ná 1328 iarratas ar Dheontais Ardoideachais ar aghaidh chuig Comhairle Chontae na Mí i ndáil leis an mbliain acadúil 2010/2011. Ceadaíodh líon iomlán de 447 iarratas nua agus 501 iarratas athnuachana tar éis iad a mheas de réir téarmaí Scéim Deontais Ardoideachais 2010. D'íoc Comhairle Chontae na Mí an 'Deontas Ráta Cothabhála Speisialta' (Deontas Breise) le 176 mac léinn don bhliain acadúil 2010/2011.
B'ionann luach deontas iomlán faoi Scéim 2010 agus €3,250. B'ionann Táillí Neamhtheagaisc/Cláraithe a clúdaíodh faoin Scéim agus €1,500. Thart ar €4.9m a bhí sa chaiteachas iomlán a bhain le deontais Ardoideachais a rinneadh in 2010. Is féidir gach deontas/táille a íoctar le mic léinn a fháil ar ais ón Roinn Oideachais agus Scileanna, ach amháin ranníocaíocht seasta €14,045.55. Ní féidir costais riaracháin na Comhairle a fháil ar ais.
Seo a leanas na catagóirí deontais atá iníoctha faoin Scéim Deontais:

Cothabháil Iomlán agus Táillí Iomlána
Páirt-Chothabháil (75%) agus Táillí Iomlána
Páirt-Chothabháil (50%) agus Táillí Iomlána
Páirt-Chothabháil (25%) agus Táillí Iomlána
Táillí Páirt-Teagaisc agus sin amháin
Mar seo a leanas na staitisticí ar iarratais a ceadaíodh le 3 bliana anuas:

**4.2 Clár na dToghthóirí**

***Le heolas a bhailiú agus le dearbhú cáilíochta, foilsiú agus leithdháileadh Chlár na dToghthóirí a bhainistiú, de réir fhorálacha an Achta Toghcháin.***

Foilsíodh Clár na dToghthóirí i mí Feahbra 2010 agus léirigh sé daonra vótála mar seo a leanas:

| | |
|---|---|
| Toghthóirí Dála | 131,256 |
| Toghthóirí Uachtaráin | 129,681 |
| Toghthóirí Eorpacha | 132,883 |
| Toghthóirí Áitiúla | 134,965 |
| Toghthóirí Poist | 404 |

Tugann an chairt thíos briseadh síos ar Thoghthóirí Áitiúla de réir Toghlimistéar:




Cheap an Chomhairle Scéim Toghchánaíochta nua, a thiocfaidh i bhfeidhm an 15 Feabhra 2011, an 4 Deireadh Fómhair 2010, de réir an Achta Toghcháin 1992 mar a leasaíodh agus de réir na Rialachán Toghchánaíochta (Scéim Toghchánaíochta) 2005. Is í an Scéim a bhunaítear na Ceantair Toghchánaíochta (Cláir) agus sonraíonn sí áit toghchánaíochta i ngach cás.

### *4.3 Saoráil Faisnéise*

Leanann Comhairle Chontae na Mí ar aghaidh ag cinntiú, maidir le haon duine a bhfuil spéis cheart acu faisnéis a fháil, go mbeidh rochtain acu ar an bhfaisnéis sin trí na hAchtanna um Shaoráil Faisnéise (FoI) 1997 & 2003.
Is iad na taifid a chuirtear ar fáil faoin Acht um Shaoráil Faisnéise na cinn sin nach bhfuil ar fáil go héasca faoi reachtaíocht eile agus bainfidh sin le gach taifead údaráis áitiúil a cruthaíodh tar éis 21 Deireadh Fómhair 1998.
Seo a leanas staitisticí 2010 a bhaineann le hIarratais faoi Shaoráil Faisnéise:

| | |
|---|---|
| Iarratais a Fuarthas | 49 |
| Tugtha ar aghaidh ó 2009 | 0 |
| **Iomlán** | **49** |
| | |
| Líon na n-iarratas ceadaithe/páirtcheadaithe | 38 |
| Líon na n-iarratas diúltaithe | 5 |
| Iarratais a aistríodh | 0 |
| Tarraingthe siar nó pléite lasmuigh de FOI | 1 |
| Cásanna beo ag deireadh 2010 | 6 |
| Líon na nAthbhreithnithe Inmheánacha | 1 |
| Líon na nAchomharc chuig an gCoimisinéir Faisnéise | 0 |

### *4.4 Sláinte agus Sábháilteacht*

Lean Údaráis Áitiúla na Mí lena dtiomantas i leith feabhas leanúnach a chur ar Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair maidir le áit shábháilte le bheith ag obair ann, laghdú ar dhíobháil agus breoiteacht ceirde agus freagracht phearsanta a spreagadh.

Déanann an Fhoireann Bainistíochta Sinsearaí cur chun cinn gníomhach ar dhea-chleachtais Sábháilteachta agus Sláinte a chur i bhfeidhm san áit oibre, cleachtais a chuireann an bhainistíocht líne i bhfeidhm i ngach rannán agus réimse.Leanann Údaráis Áitiúla na Mí ar aghaidh ag sannadh acmhainní ar Shábháilteacht agus Sláinte a fheabhsú.

Is é príomhchuspóir na hEagraíochta "timpeallacht oibre Sábháilte agus Sláintiúil a chur ar fáil." Aithníodh tiomantas na Comhairle i leith an scoth a bhaint amach sa réimse Sábháilteacht agus Sláinte Ceirde i rith 2010 nuair a bhuaigh sí an gradam "An tÚdarás Áitiúil is Fearr" i nGradaim Eagraíocht Náisiúnta Sábháilteachta na hÉireann (NISO).

Lean an Chomhairle ar aghaidh ag déanamh caidreamh gníomhach le Grúpa Comhairleoirí Sábháilteachta na nÚdarás Áitiúil (LASAG) agus rinneadh ionadaíocht ar an gComhairle ag leibhéal Coiste (Rúnaí Grúpa). Is é cuspóir an ghrúpa aghaidh a thabhairt ar shaincheisteanna a bhaineann leis na húdaráis áitiúla go léir d'fhonn cur chuige comhleanúnach i measc na n-údarás áitiúil go léir a fhorbairt. Bhí an Chomhairle gníomhach maidir le roinnt Grúpaí Oibre Náisiúnta ar Shábháilteacht agus Sláinte.

#### 4.4.1 Oiliúint Sábháilteachta & Sláinte

Tugadh faoin gClár Sábháilteachta agus Sláinte. Reáchtáil fostaithe ó Údaráis Áitiúla na roinnt cúrsaí, agus mar sin sábháladh siad airgead don Eagraíocht agus forbraíodh inniúlachtaí in-tí. Áiríodh ar chuid de na cúrsaí oiliúna a reáchtáladh:
Rothaí Scrábacha
Láimhseáil Clóirín
Spás Teoranta
Déileáil le hIompar Dúshlánach
CPC Tiománaí
Lámhleabhar Sábháilteachta d'Fhostaithe
Maor Dóiteáin
Córas Oibrithe Aonair
Láimhsiú Sábháilte
Comharthaí, Soilse agus Gardáil

### *4.5 Gnóthachtáil na Sóisear*

Thug ochtar fostaí faoi oiliúint mar oibrithe deonacha gnó le linn na bliana acadúla 2009/2010, agus mhúin siad cláir Ghnóthachtála na Sóisear d'os cionn 315 dalta i Scoil Náisiúnta Oilibhéar Pluincéad, Scoil Naomh Eoin, Meánscoil Iósaif agus Coláiste Beaufort, gach ceann acu san Uaimh. Áiríodh ar scoileanna eile a bhí páirteach ann Coláiste Pobail Bhaile Átha Buí agus Scoil na hInse, an Inse. Thug na hoibrithe deonacha a gcuid díograis agus gairmiúlachta isteach sa seomra ranga agus thug siad idir spreagadh agus ionsparáid do na daltaí faoin gcineál gairm bheatha ar féidir leo féin a bhaint amach trí spriocanna a leagan síos dóibh féin agus trí dhíriú ar an todhchaí.

## 5 FORBAIRT EACNAMAÍOCH AGUS NUÁLAÍOCHT

### *5.1 Forbairt Eacnamaíoch*

Brúdh roinnt mórthionscadal tábhachtach chun cinn i rith 2010 lena n-áirítear réamh-obair ar fhorbairt chuan uisce domhain gar do Gormanstown do Breamore Ireland Port agus tógáil cheim a dó den iarnród ón Uaimh go dtí Baile Átha Cliath. Beidh an dá thionscadal sin, lena mbaineann tábhacht náisiúnta, mar chroí-obair an Aonaid Forbartha Eacnamaíochta in 2011.

Tá Stiúrthóir na Forbartha Eacnamaíochta ar Fho-Choiste Eacnamaíochta Bhord Forbartha an Chontae (Fóram Eacnamaíochta na Mí) agus d'oibrigh ar feadh na bliana leis na gníomhaireachtaí stáit eile agus leis na comhpháirtithe sóisialta chun ***"Staidéar ar Riachtanais Scileanna agus Oiliúna do Chontae na Mí"*** atá díreach tugtha chun críche. Beidh an staidéar seo mar fhaisnéis do na gníomhaireachtaí éagsúla faoi na riachtanais oiliúna agus uas-scilithe don chontae agus beidh sé mar bhunús do chláir oiliúna a fhorbairt do 2011 agus ina dhiaidh sin. Is tosaíocht i gcónaí é ionad oiliúna saindírithe a bheadh ar fáil le húsáid ag go leor gníomhaireachtaí.

Ghníomhaigh an tAonad Forbartha Eacnamaíochta mar an bpríomh-ghníomhaireacht a d'ullmhaigh an dréacht-Straitéis Eacnamaíochta lena chur san áireamh sna Treoirlínte Pleanála Réigiúnacha don GDA a glacadh leis i rith na bliana. Tá obair ar bun anois ar phlean gnímh a fhorbairt, ag eascairt as na treoirlínte glactha sin.

Seoladh láithreán gréasáin i rith na bliana, dar teideal *Meath Around the World*, a spreagann agus a thacaíonn le hidirghníomhaíocht i measc lucht gnó na Mí. Tá an líon daoine a mbaineann úsáid as an láithreán ag fás seasta. Tá gá le tuilleadh oibre forbartha ar an láithreán seo agus déanfar sin in 2011. Earcóidh tuilleadh daoine le bheith mar ambasadóirí do Chontae na Mí le linn na bliana, leis an láithreán a chur chun cinn sa bhaile agus thar lear.

D'oibrigh an tAonad Forbartha Eacnamaíochta agus Nuálaíochta i gcomhar le The Meath Chronicle, Alltech agus le gnólachtaí áitiúla eile le cur chun cinn a dhéanamh ar **Ghradaim Ghnó agus Turasóireacht na Mí 2010**. Tionscnamh ar éirigh thar cionn leis a bhí ansin. Chuir breis agus 200 cuideachta áitiúil isteach air agus bronnadh na gradaim go luath i mí na Samhna ag ócáid ar fhreastail go leor leor daoine uirthi, in Óstán Chaisleán Dhún Búinne. Fuarthas aiseolas thar a bheith dearfach ón tionscnamh seo agus thug sé deis an iliomad gnólachtaí atá lonnaithe i gCo. na Mí a léiriú; gnólachtaí a leanann orthu ag fás agus ag athrú agus ag déanamh nuála in ainneoin na ndeacrachtaí eacnamaíochta atá romhainn. Tá sé beartaithe, faoi réir ag an maoiniú a bheith ar fáil, páirt a ghlacadh sa tionscnamh seo in 2011.

Táthar fós ag ullmhú don chomórtas Solheim Cup 2011 a thionólfar i gCaisleán an Chillín i Meán Fómhair 2011. Tá príomhrólanna le himirt ag an gComhairle agus an Turasóireacht na Mí le go n-éireoidh go maith leis an ócáid seo.

## 6 SEIRBHÍSÍ COMHSHAOIL

**Cuspóir Straitéiseach**
Tacú le comhshaol glan, sábháilte agus folláin agus é sin a chur chun cinn do na glúinte atá ann anois agus dóibh siúd a bheidh ann amach anseo.

**Príomh-Ghníomhaíochtaí**

- Dramhaíl a bhainistiú ar bhealach comhtháite agus inbhuanaithe de réir sárchleachtais
- An caighdeán uisce a fheabhsú ag teacht le riachtanais na Creat-Treorach Uisce
- Cur leis an bhfeasacht ar an gcomhshaol agus gníomhartha inbhuanaithe a spreagadh
- An scoth a choimeád maidir le Seirbhísí Dóiteáin & Éigeandála a chur i gcrích
- Comhlíonadh le caighdeáin chomhshaoil a chinntiú
- An Plean Bainistithe Dramhaíola a ghlacadh agus a chur i bhfeidhm don Réigiún Thoir Thuaidh
- Tionchar na forbartha ar uiscí glactha a íoslaghdú trí chóras monatóireachta cuimsitheach a chur i bhfeidhm, agus bagairtí truaillithe a d'fhéadfadh a bheith ann a aithint agus deireadh a chur leo

### *6.1 Plean Bainistithe Dramhaíola an Réigiúin Thoir Thuaidh*

*Tá aghaidh á thabhairt ar riachtanais an Phlean Bhainistithe Dramhaíola* 2005 – 2010 ag Coiste Stiúrtha Bhainistiú Dramhaíola an Réigiún Thoir Thuaidh (Contaetha na Mí, Lú, Muineacháin & an Chabháin). Chuaigh an Coiste i mbun phróisis athchóirithe ar an bPlean Bainistithe Dramhaíola réigiúnach i Meán Fómhair 2010. Is éard atá i gceist leis an bpróiseas seo cleachtadh bailithe sonraí mór millteach, dhá thréimhse chomhchomhairle phoiblí, chomh maith le cinntí straitéiseacha beartais maidir le bainistiú dramhaíola amach anseo sa Réigiún Thoir Thuaidh. De réir Chreat-Treoir Dramhaíola an AE, ní mór don Phlean Bainistithe Dramhaíola réigiúnach athchóirithe a bheith ar bun faoin 31 Nollaig 2012.
Tá easnamh caipitil neamh-mhaoinithe ag an gComhairle i gcónaí i ndáil leis an iar-líonadh talún ag Basketstown a leasú. Beidh gá le tuilleadh caiteachais chaipitil a dhéanamh ar an láithreán, mar shampla i ndáil leis an gcóras bailithe gáis agus bladhmtha. Tá costais mhonatóireachta ioncaim bhliantúla de €500,000 á dtabhú i gcónaí maidir leis an gceadúnas EPA ar an iar-líonadh talún a chomhlíonadh.

### *6.2 Gearáin agus Forfheidhmiú maidir le Dramhaíl*

*Ceada Bainistithe Dramhaíola agus Teastais Cláraithe agus Teastais Saoráide Sloda Séarachais a eisíodh in 2010*
Seo a leanas na staitisticí do Cheada Bainistithe Dramhaíola agus do Theastais Chláraithe agus do Theastais Chláraithe Saoráidí Sloda Séarachais in 2010

| ***Ceada Bainistithe Dramhaíola*** | | *Teastais Chláraithe* | |
|---|---|---|---|
| Iarratais a fuarthas | 15 | Iarratais a fuarthas | 3 |
| Deonaithe | 13 | Deonaithe | 2 |
| Diúltaithe | 0 | Diúltaithe | 0 |
| Tarraingthe Siar | 0 | Tarraingthe Siar | 0 |
| Iomlán | 0 | Iomlán | 0 |
| Neamh-Iomlán | 3 | Neamh-Iomlán | 2 |
| Á mbreithniú = | 4 | Á mbreithniú | 0 |

| ***Teastas Cláraithe do Shaoráid Sloda Séarachais*** | |
|---|---|
| Iarratais a fuarthas | 9 |
| Deonaithe | 0 |
| Diúltaithe | 0 |
| Tarraingthe Siar | 0 |
| Iomlán | 0 |
| Neamh-Iomlán | 9 |
| Á mbreithniú = | 0 |

Tá 44 Cead Bainistithe Dramhaíola i bhfeidhm i gCo. na Mí faoi láthair.

*Ceada Bailithe Dramhaíola a eisíodh 2010*
Is í Comhairle Chontae na Mí an tÚdarás ainmnithe don Réigiún Thoir Thuaidh (Contaetha na Mí, Lú, an Chabháin & Muineacháin). Cuid dá feidhm mar údarás ainmnithe na ceada bailithe dramhaíola a phróiseáil. Ta 448 cead bailithe gníomhach ann sa Réigiún Thoir Thuaidh faoi láthair.
Seo a leanas na staitisticí atá i bhfeidhm do *Cheada Bailithe Dramhaíola* in 2010:

| | |
|---|---|
| Iarratais a fuarthas | 27 |
| Tarraingthe siar | 0 |
| Diúltaithe | 1 |
| Cúlghairthe | 138 |
| Líon iomlán deonaithe | 23 |
| Á mbreithniú | 3 |
| Athbhreithnithe sa bhliain | 6 |

### *6.3 Truailliú ó Bhruscar*

Lean an Chomhairle ar aghaidh in 2010 lena dian-fheachtas chun dul i ngleic le dumpáil mhídhleathach. Cuirfear tuilleadh leis an iarracht in 2011.
Seo a leanas briseadh síos ar bhearta forfheidhmithe ar glacadh leo i rith 2010:

| | |
|---|---|
| Líon na dtuarascálacha a fiosraíodh | 925 |
| Fíneálacha ar an láthair a eisíodh | 637 |
| Fíneálacha ar an láthair a íocadh | 364 |
| Líon iomlán na gciontuithe 2010 | 16 |

Tá córais CCTV suiteáilte ag an gComhairle ag roinnt láithreacha ina mbíonn fadhb mhór le bruscar ar fud an chontae. Eisíodh líon mór fíneálacha le linn 2010 agus rinneadh neart ionchúiseamh. Tá ag éirí go han-mhaith leis sin ó thaobh aghaidh a thabhairt ar thruailliú ó bhruscar. Tá oibríochtaí CCTV á leathnú amach ag an gComhairle faoi láthair chuig bainc thabhartha agus áiteanna eile ina mbíonn go leor bruscair d'fhonn comhlíonadh leis an Acht um Thruailliú ó Bhruscar a fhorfheidhmiú. Beidh sé sin mar chuid d'fheachtas nuálaíoch frith-bhruscair/dumpála neamhdhleathaigh ar feadh 2011.

### *6.4 Láithreacha Fóntais Chathartha na Mí – Baile Átha Troim, An Uaimh agus Ceanannas*

Tá na trí láithreán fóntais chathartha sa chontae, le tacaíocht ón líonra ionad tabhartha ar fud an chontae ag cur go dearfach leis na leibhéil athchúrsála, cé gur ábhar imní fós é an dumpáil mhídhleathach ag roinnt de na bainc thabhartha. D'fhógair an Chomhairle tairiscint d'fheidhmiú na dtrí Láithreán Fóntais Chathartha go deireanach in 2010 (tá an conradh le bronnadh in 2011). Lean an cuardach ar aghaidh i 2010 i gcomhair láithreán fóntais chathartha breise in oirdheisceart an chontae.

### *6.5. Uisce*

#### 6.5.1. Creat-Treoir Uisce an AE

Deir an tuarascáil eatramhach is déanaí ó WFD nach bhfuil ach 17% de chomhlachtaí uisce laistigh de limistéar feidhme na Mi ag comhlíonadh chaighdeáin WFD a chaithfear a bheith bainte amach faoi 2015. Maidir leis sin, tá 3 Phlean Bainistíochta Abhantraí a bhaineann le ceantar feidhme na Mí, eadhon Plean Bainistíochta Abhantraí an Oirthir, na Sionainne agus Abhantraí Eathach Banna ann. Aithníonn na Pleananna na saincheisteanna bainistíochta uisce suntasacha atá laistigh de gach dobharcheantar ar leith agus leagann siad amach réitigh atá molta ar na saincheisteanna sin i bhfoirm bearta molta. Is é cuspóir an phlean gach uisce, eadhon abhainn, loch, screamh uisce, uiscí

idirchriosacha agus cósta a thabhairt go dtí "stádas maith", i.e., gan truailliú faoi 2015.
Ghlac an Chomhairle le 'Plean Dhúiche na hAbhantraí Thoir' i nDeireadh Fómhar 2009 chomh maith le Pleananna Ceantar Abhantraí Idirnáisiúnta na Sionainne agus nEathach-Banna in Aibreán 2010. Beidh impleachtaí móra acmhainne ag cur i bhfeidhm na bpleananna seo don Chomhairle. Beidh éifeacht dhearfach ag na pleananna, áfach, nuair a chuirfear i bhfeidhm iad, ar chomhlachtaí uisce ar fud an chuid is mó de Cho. na Mí.

### 6.5.2 Monatóireacht Aibhneacha

Tá 114 láithreán monatóireachta Chreat-Treoir Uisce (WFD) ainmnithe agus bailíodh 684 sampla as aibhneacha agus rinneadh tástáil orthu le linn 2010. Tá an clár monatóireachta aibhneacha freagrach as cá háit a ndéantar suirbhéanna fiosrúcháin, suirbhéanna feirmeacha san áireamh, lena chinntiú go bhféadfaidh an Chomhairle leas iomlán a bhaint as acmhainní. Tá ag éirí go han-mhaith leis seo.
This is proving to be very effective. Rinneadh monatóireacht fiosrúcháin i ndobharcheantair ina bhfuil droch-chaighdeán uisce. Léiríodh na torthaí go léir i roinnt tuarascálacha atá á leanúint ag pearsanra forfheidhmithe uisce.

### 6.5.3 Uisce Snámha

Déanann an Chomhairle sampláil ar dhá limistéar uisce snámha, eadhon Baile an Bhiataigh agus Baile Uí Mhornáin. Is Council samples two bathing water area's namely Bettystown and Mornington. Is ceantar uisce snámha ainmnithe é Baile an Bhiataigh. Fuarthas go bhfuil uisce snámha Bhaile Uí Mhornáin ar ardchaighdean agus fuair an Chomhairle Duais Chósta Ghlais ina dhiaidh sin.

### 6.5.4 Fuíolluisce Uirbeach

Rinne an Chomhairle 346 iniúchadh ar Ionaid Chóireála Fuíolluisce Cathrach (MWWTPanna) in 2010. Déantar gach MWWTP a shampláil de réir rialachán fuíolluisce uirbeach agus cuirtear na torthaí ar aghaidh chuig an DoEHLG i bhfoirm tuairisceáin bhliantúil.

*Ceadúnais Scaoilte Eisilteacha Trádála 2010:*
Tá 58 ceadúnas scaoilte i gcomhair scaoileadh chuig uiscí agus 20 ceadúnas scaoilte i gcomhair scaoileadh chuig séaraigh ann faoi láthair. Tá 18 ceadúnas scaoilte faoi athbhreithniú faoi láthair.

| **Alt 4** | | **Alt 16** | |
|---|---|---|---|
| Iarratais a fuarthas | 2 | Iarratais a fuarthas | 2 |
| Deonaithe | 0 | Deonaithe | 0 |
| Diúltaithe | 0 | Diúltaithe | 1 |
| Neamhbhailí | 1 | Á mbreithniú | 5 |
| Á mbreithniú | 9 | | |

### 6.5.4 Suirbhéanna Feirme

Chuir an Chomhairle 127 suirbhé feirme i gcrích in 2010. Rinneadh suirbhéanna feirme áit ar ceapadh go raibh baol truaillithe ar uiscí ann. Déantar gach suirbhé feirme a thaifeadadh ar fhoirm tuairisce suirbhé feirme agus déantar iad a mhapáil i gcomhair ath-iniúchtaí.

### 6.5.5 Forfheidhmiú

In 2010 sheirbheáil an Chomhairle 38 fógra truailliú uisce faoi 'Alt 12'. Seirbheáladh 29 de na fógraí truaillithe sin i ndáil le truailliú ó thalmhaíocht, 6 i ndáil le heisilteach trádála agus 3 i ndáil le humair mhúnlaigh.

## *6.6 Rialú Madraí*

De réir an Achta um Rialú Madraí, 1986 agus 1992, ní mór do gach madra agus do gach conchró madra a bheith faoi cheadúnas, ach amháin iad sin a úsáideann an Garda Síochána, Óglaigh na hÉireann agus an

tSeirbhís Custaim agus Máil, ar dhualgas oifigiúil. Ní mór ceadúnas a bheith ag gach úinéir dá m(h)adra. Ní mór gach madra a choimeád faoi rialú ceart agus moltar d'úinéirí madraí glanadh suas i ndiaidh a gcuid madraí.
Tá Póna Madraí Chomhairle Chontae na Mí lonnaithe ag Ráth na Maighdean, Baile Shláine, Co. na Mí. Ghabh Maor Madraí na Comhairle 581 madra a bhí ar strae agus gan úinéir in 2010. Tugadh 102 madraí ar ais dá n-úinéirí agus d'aimsigh an póna baile nua do 409 madra. D'éirigh chomh maith sin leis an bpóna mar gheall ar a láithreán gréasáin, a dhéantar nuashonrú air gach lá le mionsonraí faoi mhadraí a thugtar chuig an póna le bailte nua a aimsiú dóibh nó lena gcuid úinéirí a aimsiú.
3681 an líon ceadúnas a eisíodh agus 6 an líon ceadúnas ginearálta a eisíodh (10 madra nó níos mó). 12 an líon fíneálacha a eisíodh.

### *6.7 Láithreáin Thréigthe*

Léiríonn an tábla seo a leanas mar atá cúrsaí ó thaobh Clár na Láithreán Tréigthe amhail an 31 Nollaig 2010.

| Ceantar | Líon Comhad DS '10 (09) | Ag fanacht ar Mheasúnú | Oibreacha/Tugtha Chun Críche | Ag fanacht ar Iniúchadh Athbhreithniú he | Litreacha rabhaidh eisithe nó ag fanacht ar Thuairisc | Fógra S 11 eisithe | Fógra S8(2) eisithe | Iarchurtha le gníomh eile | Tobhach DS |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **TC Cheanannais** | 55 (52) | 4 (4) | 35 (29) | 1 (13) | 2 (1) | 0 (0) | 4 (1) | 0 (0) | 8 |
| **Ceantar Cheanannais** | 46 (40) | 0 (5) | 32 (30) | 2 (2) | 12 (2) | 0 (0) | 0 (0) | 0 (1) | 0 |
| **TC na hUaimhe** | 50 (21) | 0 (0) | 14 (2) | 0 (14) | 2 (2) | 17 (3) | 17 (0) | 0 (0) | 0 |
| **Ceantar na hUaimhe** | 16 (14) | 0 (0) | 12 (11) | 1 (1) | 1 (0) | 1 (0) | 1 (1) | 1 (1) | 0 |
| **Ceantar Bhaile Átha Troim** | 46 (37) | 1 (6) | 28 (24) | 3 (3) | 12 (4) | 2 (0) | 0 (0) | 0 (0) | 0 |
| **Ceantar Bhaile Shláine** | 73 (68) | 4 (4) | 55 (41) | 9 (13) | 3 (6) | 1 (0) | 0 (0) | 0 (3) | 1 |
| **Ceantar Dhún Seachlainn** | 40 (30) | 1(7) | 26 (14) | 8 (2) | 4 (6) | 0 (0) | 0 (0) | 0 (0) | 1 |
| **TC Bhaile Átha Troim** | 13 (0) | 0 | 0 | 0 | 12 | 0 | 0 | 1 | |
| **Iomlán** | 339 (262) | 10 (26) | 202 (151) | 24 (48) | 48 (21) | 21 (3) | 22 (2) | 2 (5) | 10 (6) |

### *6.8 Deontais Taitneamhachtaí*

Tugann an Chomhaire cúnamh do chumainn áitittheoirí agus do ghrúpaí pobail le go gcuirfidh siad feabhas ar a dtimpeallacht áitiúil le béim faoi leith ar bhruscar a mhaolú. I measc na n-oibreacha a dtugtar fúthu tá: ceantair ghlasa a chur ar fáil agus a chothabháil; ceantair thréigthe a fheabhsú; ceapacha bláthanna, sceacha, crainn etc. a chur ar fáil; ceantair ghlasa, ballaí, fálta ar bhóithre isteach a fheabhsú; ceantair staire agus bealaí siúil phoiblí/bruacha canála a fheabhsú. D'eisigh an Chomhairle 202 Deontas Taitneamhachta in 2010.

### *6.9 Deontais Lomaire Faiche/Ciumhaisire*

Tugann an Chomhairle ranníocaíocht do chumainn áitritheoirí agus do ghrúpaí pobail chun lomaire faiche nó ciumhaisire nua a cheannach le húsáid chun spásanna oscailte agus ceantair ghlasa ina gcomharsanacht a chothabháil. Eisítear deontais ar chruthúnas a gceannach a fháil. Eisíodh 44 deontas lomaire faiche/ciumhaisire in 2010.

### *6.10 Monatóireacht agus Forfheidhmiú Ginearálta*

Leanadh le monatóireacht agus forfheidhmiú leanúnach ginearálta i ndáil leis na tacair rialachán seo a leanas i rith 2010: Rialacháin Bainistithe Dramhaíola (Boinn agus Dramh-Bhoinn), 2007; Rialacháin WEEE 2005; Rialacháin Bainistithe Dramhaíola (Plastaigh Feirme) 2001; Rialacháin Bainistithe Dramhaíola (Pacáistiú) 2007; Rialacháin um Dramh-Cheallraí; agus Teastais Taispeántas Fuinnimh. Seo a leanas an ghníomhaíocht shuntasach maidir leo:
Rialacháin ar Thuaslagóirí: dheimhnigh an Chomhairle 9 oibreoir (tirimghlantóirí ar fad) a bheith ag comhlíonadh na rialachán.
Na Rialacháin um Bainistiú Dramhaíola (Tobhach Líonta Talún)2008 – I.R. Uimhir 199 do 2008: Amhail an 31 Nollaig 2009, d'ardaigh an tAire Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil an tobach líonadh talún go dtí €25 in aghaidh an tonna do gach tonna dramhaíola arna dhiúscairt ag saoráidí líonadh talún údaraithe (Na Rialacháin um Bainistiú Dramhaíola (Tobhach Líonta Talún) Leasú 2009). Rinne na Rialacháin um Bainistiú Dramhaíola (Tobhach Líonta Talún) Leasú 2010 iad seo a leasú ina dhiaidh seo nuair a d'ardaigh siad an tobhach líonta talún go €30 in aghaidh an tonna ar gach tonna dramhaíola a dhéantar a dhiúscairt ag saoráidí líonta talún údaraithe. Tháinig éifeacht leis na hathruithe seo ón 1ú Feabhra 2010.
Treoir Deco Paints: tá 27 úsáideoir VOC deimhnithe cláraithe leis an gComhairle.

### *6.11 Aer*

#### 6.11.1 Aer-Cheadúnú

Tá 14 sealbhóirí ceadúnais astaíochtaí aeir i gCo. na Mí faoi láthair. Dheonaigh an Chomhairle 1 ceadúnas aeir nua in 2010.

#### 6.11.2 Gearáin

Fuair an Chomhairle 82 gearán a bhain le haer in 2010. Fiosraíodh agus réitíodh 52 díobh sin. Bhain formhór na ngearán a fuarthas le dó dramhaíola baile ar cúl an tí.

### *6.12 Torann*

Fuair an Chomhairle **25** gearán maidir le torann in 2010. Tá an líon gearán maidir le torann ag méadú go mór gach bliain. Faoi Alt 108 den Acht fán Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil 1992, féadfaidh duine ar bith cás a thabhairt chuig an gCúirt Dhúiche faoi niús de dheasca truailliú torainn. Leagadh an t-alt sin amach go sonrach le ceadú do dhuine nó teaghlach ar bith rochtain tapa a fháil ar an gCúirt Dhúiche sa chás go mbeadh deacrachtaí acu le comharsana maidir le torann agus cur as dóibh.

### *6.13 Cosaint Shibhialta*

Is eagraíocht daonchairdiúil deonach í Cosaint Shibhialta atá tiomanta fulaingt in am géarchéime a mhaolú. Is é an –údarás áitiúil a riarann Cosaint Shibhialta thar ceann an rialtais agus faigheann sí cúnamh deontais 70% ón mBord Cosanta Sibhialta. Bíonn oibrithe deonacha mar chúltaca do na seirbhísí éigeandála agus feidhmíonn siad ról tacaíochta pobail ag imeachtaí áitiúla agus náisiúnta.
Oibríonn Cosaint Shibhialta Chomhairle Chontae na Mí ocht n-aonad oiliúna ionad-bhunaithe ar fud an chontae. Tá níos mó ná dhá chéad fiche comhalta deonach ag plé le hoiliúint faoi láthair agus ag cur seirbhís phobail ar fáil ag na hionaid sin, atá lonnaithe i gCill Dhéagláin,i nDamhliag,I nDún Bóinne,i nDún Seachlainn, i gCeanannas, san Uaimh, sa Seanchaisleán agus i mBaile Átha Troim.
Is eagraíocht í Cosaint Shibhialta atá creidiúnaithe ag an gComhairle Cúram Éigeandála Réamh-Ospidéil (PHECC), an Gníomhaire Measúnaithe Garchabhrach Ceirde (OFAAA) a dhéanann maoirsiú ar na caighdeáin infheidhme le hoiliúint Gharchabhrach agus le cúram réamh-ospidéil do dhaoine gortaithe agus le FETAC as a gclár oiliúna.
Bliain thar a bheith gníomhach d'oibrithe deonacha Cosanta Sibhialta i gCo. Na Mí a bhí in 2010. D'éirigh le seisear teagascóir deonach an cúrsa **Teicneoir Éigeandála** Leighis (EMT) a chur i gcrích le linn na bliana agus thosaigh 12 oibrí deonach eile ar an gcúrsa EMT ag deireadh 2010. D'óstaigh co. na Mí na babhtaí ceannais de na comórtais Cosaint Shibhialta Náisiúnta i mí Dheireadh Fómhair ina raibh seacht bhfoireann ó ar fud na tíre, a cháiligh trí chomórtais réigiúnacha, san iomaíocht don teideal náisiúnta. Foireann Chontae an Chabháin a bhí mar

bhuaiteoir foriomlán sa chomórtas a dúradh gurb é an ceann ba dhúshlánaí le blianta beaga anuas. Bhí ocht n-oibrí deonach ó Chontae na Mí páirteach i reáchtáil na hócáide a tionóladh i gceantar Gormanston.
Le linn na fíor dhroch-aimsire i mí na Nollag bhí oibrithe deonacha na Cosanta Sibhialta páirteach thar lá is fichid, ag cur cúnamh ar fáil do dhaoine agus do phobail ar fud an chontae ag seachadadh uisce agus leigheas, ag glanadh sneachta ó na sráideanna, ag cabhrú le béilí ar rothaí a sheachadadh, agus le haltraí sláinte poiblí a thabhairt chomh fada le hothair leochaileacha.
Fuair an eagraíocht feithicil 4 x 4 nua ón mBord Cosanta Sibhialta i rith na bliana, rud a chuir go mór le cumas na heagraíochta iompar agus gníomhaíocht oibriúcháin eisbhóthar a chur i gcrích.

### *6.14 An tSeirbhís Tarrthála agus Dóiteáin*

Mar Údarás Dóiteáin, tá Comhairle Chontae na Mí freagrach as seirbhís éigeandála agus dóiteáin a chur ar fáil do Chontae na Mí, lena n-áirítear na trí chomhairle baile – an Uaimhe, Baile Átha Troim & Ceanannas. Oibríonn Seirbhís Dóiteáin Chomhairle Chontae na Mí go príomha faoi fhorálacha an Achta Seirbhísí Dóiteáin 1981 & 2003, chomh maith le reachtaíocht eile mar an tAcht um Rialú Foirgníochta 2007, na Rialacháin Rialaithe Foirgníochta 1997 - 2009, na Rialacháin um Shubstaintí Contúirteacha 1979, Na Rialacháin Deis Éalaithe 1985, agus An tAcht um Cheadúnú Imeachtaí Faoi Dhíon.

#### 6.14.1 Oibríochtaí Dóiteáin

Tá Ceanncheathrú na Seirbhíse Dóiteáin lonnaithe ag an Stáisiún Dóiteáin ar Bhóthar na Mainistreach, san Uaimh.Tá sé stáisiúin eile suite ar fud an chontae: i gCill Dhéagláin, i nDún Seachlainn, i gCeanannas, san Obair, sa Seanchaisleán, agus i mBaile Átha Troim. Cuireann Seirbhís Tarrthála agus Dóiteáin Chomhairle Chontae na Mí freagairt céad line ar fáil do gach cineál práinne ar fud Chontae na Mí – áirítear orthu seo

- Dóiteáin in áitreabh baile/tráchtála/tionsclaíoch/tionóil
- Dóiteáin foraoiseachta/portaigh/féarach
- Timpistí Tráchta Bóthair (RTCs)
- Cúnamh in Éigeandálacha Otharchairr
- Tuillte
- Tarrthálacha aibhneacha
- Éigeandálacha Guaise Comhshaoil
- Teagmhais Cheimiceán Ghuaiseach

Áiríodh ar oiliúint eile a rinne lucht múchta dóiteáin Chomhairle Chontae na Mí in 2010:

- Cúrsa do Chaiteoirí Gaireas Análaithe Tosaigh – chuir 5 earcaí nua don tseirbhís dóiteáin an cúrsa seo i gcrích go rathúil;
- Oiliúint Athnuachana Gaireas Análaithe;
- Oiliúint d'Iompar i nDóiteán Urrainne – tá an oiliúint seo curtha i gcrích ag gach duine de lucht múchta dóiteáin de chuid Comhairle Chontae na Mí (cuirfear tús le hoiliúint Athnuachana CFBT in 2011);
- Oiliúint i gCéad Fhreagróir Cairdiach (AED) agus i gCéad Fhreagróir Éigeandála;
- Oiliúint in Oibriú Caidéil;
- Oiliúint na Comhairle Seirbhísí Dóiteáin – an Cúrsa Timpistí Tráchta bóthair, an Cúrsa Ábhair Guaiseacha, an Cúrsa Fo-Oifigigh Aonad 1;
- Cuireadh tús le hoiliúint i dTreoirlíne Oibriúcháin Chaighdeánaigh (SOG) do gach duine den lucht múchta dóiteáin in 2010 freisin agus leanfar leis sin don 2 nó 3 bliain amach romhainn;

#### 6.14.2 Dóiteán a Chosc

Tá athrú ollmhór tagtha ar an tSeirbhís Dóiteáin go náisiúnta le deich nó fiche bliain anuas. Chomh maith leis an ról traidisiúnta de dhóiteáin a mhúchadh agus de dhaoine agus maoin a shábháil tá ról breise aici anois, eadhon dóiteáin a chosc agus an líon básanna, gortuithe agus caillteanais maoine a íoslaghdú trí innealtóireacht sábháilteachta dóiteáin. Tá ról lárnach ag an tSeirbhís Dóiteáin maidir le caighdeáin shábháilteachta dóiteáin i ndearadh foirgneamh nua agus iad sin atá ann cheana féin agus maidir leis na gnéithe sábháilteachta dóiteáin a bhaineann leis an úsáid laethúil a bhaintear as foirgnimh a bhfuil teacht ag an bpobal orthu. Áirítear ar bhearta chun dóiteáin a chosc:

- Deimhnithe Sábháilteachta ó Dhóiteáin a dheonú nó a dhiúltú. Tá ceanglas ar gac forbairt seachas tithíocht phríobháideach iarratas a dhéanamh ar dheimhniú sábháilteachta ó dhóiteáin ón Údarás Dóiteáin. Ní mór Fógra Tosach Feidhme a chur ar aghaidh chuig Roinn Pleanála

Chomhairle Chontae na Mí ansin sula gcuirtear tús leis an bhforbairt. Coimeádann an t-údaras áitiúil clár Fógraí Tosach Feidhme agus Deimhnithe Sábháilteachta ó Dhóiteáin;

- Déantar iarratais phleanála a mheasúnú do riachtanais sábháilteacha dóiteáin agus cuirtear ar aghaidh ansin iad chuig Roinn Pleanála na Comhairle;
- Cuirtear clár iniúchtaí sábháilteachta dóiteáin i gcrích ar áitribh cheadúnaithe chomh maith le d'ócáidí móra mar cheolchoirmeacha agus féilte amuigh faoin spéir;
- Déantar iniúchtaí bliantúla maidir le ceadúnais Damhsa/Bialanna/Clubanna a athnuachan i Lúnasa/Meán Fómhair/Deireadh Fómhair;
- Iarratais ar Cheadúnais Pheitriliam faoin Acht um Shubstaintí Contúirteacha, 1979;
- Sábháilteacht Dóiteáin sa Phobal, lena n-áirítear cuairteanna ar ghrúpaí pobail, an tseachtain sábháilteachta dóiteáin náisiúnta (i mí Dheireadh Fómhair gach bliain), clár sábháilteachta sheachtain na Nollag, a reáchtálann Comhairle Chontae na Mí gach bliain agus cuairteanna chuig na bunscoileanna go léir faoin gClár um Athrú de chuid na Seirbhísí Dóiteáin náisiúnta. Thug pearsanra seirbhísí dóiteáin cuairt ar bhreis agus 100 bunscoil ar fud Chontae na Mí in 2010 chun Clár Sábháilteachta Dóiteáin na mBunscoileanna a chur ar fáil.

### 6.14.3 Fearas Nua

Rinneadh 2 Fhearas Múchta Dóiteáin nua arna mhaoiniú ag an Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtas Áitiúil ar costas thart ar €600,000 a sheachadadh chuig Stáisin Dóiteáin na hUaimhe agus chuig Stáisiún Dóiteáin Chill Dhéagláin in 2010. Comhlíonann na feithiclí sin na caighdeáin náisiúnta agus idirnáisiúnta go léir maidir le fearas Tarrthála agus Dóiteáin agus tá siad mar chuid den phróiseas leanúnach chun flít na Seirbhíse Dóiteáin a uasghrádú. Chuir na fearais go mór le hoibríochtaí múchta dóiteáin agus tarrthála sa chontae.

### *6.14.4 Oifigí nua-bheartaithe do Stáisiún Dóiteáin na hUaimhe*

Tar éis cheadú ón DoEHLG chun cóiríocht riaracháin buan a chur ar fáil ag ceanncheathrú an Stáisiúin Dóiteáin agus Stáisiún Dóiteáin na hUaimhe, ceapadh an Roinn Ailtireachta de Chomhairle Chontae Fhine Gall mar Shainchomhairleoirí don tionscadal seo. Tá na hoifigí sin le teacht in áit na saoráidí oifige sealadacha atá ann ag Stáisiún Dóiteáin na hUaimhe agus le hoifigí agus saoráidí riachtanacha a chur ar fáil d'fhoireann na Seirbhíse Dóiteáin.

**Staitisticí Dóiteáin – 2010**

| | An Uaimh | Dún S | Cill Dhéagláin | Baile Átha Troim | Ceanannas | Seanchaisleán | An obair | Iomlán |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **Foirgnimh Bhaile:** | | | | | | | | |
| **Dóiteán Simléir i dTithe** | 35 | 13 | 3 | 53 | 34 | 10 | 9 | 157 |
| **Dóiteáin eile i dTithe** | 38 | 13 | 11 | 21 | 10 | 4 | 5 | 102 |
| **Árasáin & Árasáin Aon Seomra** | 8 | 0 | 1 | 2 | 1 | 1 | 0 | 13 |
| **Carbháin/Tithe Soghluaiste** | 2 | 0 | 0 | 6 | 0 | 1 | 0 | 9 |
| **Institiúidí** | 1 | | | | | | | 1 |
| **Scoileanna/Ospidéil/eile** | 2 | 2 | 3 | 1 | 0 | 0 | 0 | 8 |
| **Tionsclaíoch:** | 8 | 2 | | | 2 | | | 12 |
| **Monarchana** | 7 | 0 | 0 | 7 | 0 | 0 | 3 | 17 |
| **Tráchtála:** | | | | | | | | 0 |
| **Siopaí, Ollmhargaí** | 1 | 1 | 2 | 0 | 0 | 0 | 0 | 4 |
| **Bialanna** | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 |
| **Óstáin Tithe Ósta/Tithe Lóistín** | 0 | 2 | 2 | 0 | 0 | 1 | 0 | 5 |
| **Seirbhís:** | | | | | | | | 0 |
| **Tithe Tábhairne** | 2 | 0 | 0 | 1 | 0 | 0 | 0 | 3 |
| **Bialanna** | 1 | 1 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 2 |
| **Áiteanna Siamsaíochta Poiblí (discónna/pictiúrlanna)** | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 |
| **Eile:** | 19 | | | | | | | 19 |
| **Mótarfheithiclí** | 34 | 16 | 13 | 15 | 14 | 5 | 4 | 101 |
| **Stáisiúin Pheitril & Garáistí** | 2 | 0 | 0 | 0 | 1 | 0 | 0 | 3 |
| **Foirgnimh gan Áitiú** | 16 | 2 | 4 | 3 | 3 | 0 | 0 | 28 |
| **Foirgnimh Talmhaíochta** | 7 | 3 | 3 | 3 | 4 | 0 | 3 | 23 |
| **Foraois/Portach/Féar, etc.** | 49 | 8 | 23 | 33 | 15 | 10 | 2 | 140 |
| **Stóras faoin Spéir** | 23 | 2 | 9 | 7 | 4 | 3 | 1 | 49 |
| **Bruscar faoin Spéir** | 36 | 14 | 1 | 9 | 14 | 2 | 0 | 76 |
| **Ilghnéitheach** | 0 | 2 | 2 | 1 | 0 | 0 | 2 | 7 |
| Iomlán na nDóiteán 2010 | 291 | 81 | 77 | 162 | 102 | 37 | 29 | 747 |
| **Eachtraí Bréagrabhaidh** | | | | | | | | 0 |
| **1. Mailíseacha** | 16 | 2 | 11 | 9 | 8 | 0 | 0 | 46 |
| **2. Dea-Rún** | 99 | 35 | 43 | 32 | 12 | 1 | 1 | 223 |
| **Iomlán na mBréagrabhadh** | 115 | 37 | 54 | 41 | 20 | 1 | 1 | 269 |
| **Seirbhísí Speisialta** | | | | | | | | 0 |
| **Timpistí Tráchta Bóthair** | 39 | 32 | 31 | 11 | 19 | 6 | 11 | 149 |
| **Tuile Caidéal Uisce** | 20 | 3 | 2 | 3 | 4 | 9 | 0 | 41 |
| **Substaintí Guaiseacha** | 6 | 2 | 1 | 4 | 1 | 2 | 1 | 17 |
| **Tarrthála eile nár bhain le dóiteáin** | 2 | 2 | 3 | 5 | 0 | 4 | 1 | 17 |
| **Ilghnéitheach:** | 12 | 6 | 11 | 11 | 1 | 6 | 5 | 52 |
| **Iomlán na Seirbhísí Speisialta** | 79 | 45 | 48 | 34 | 25 | 27 | 18 | 276 |
| **IOMLÁNA** | 485 | 163 | 179 | 237 | 147 | 65 | 48 | 1324 |

**7.0 TITHÍOCHT**

In ainneoin an iliomad dúshlán a bhí ann mar gheall ar na himthosca eacnamaíochta atá ann agus in ainneoin na leithdháiltí laghdaithe le haghaidh tionscadail Chaipitil tríd is tríd, chuir Rannóg Tithíochta Chomhairle Chontae na Mí roinnt tionscadal chun cinn in 2010 ó leithdháileadh Caipitil iomlán de bhreis €17.845 milliún.
Lean an Clár Infheistíochta i dTithíocht Shóisialta le fócas ar sholáthar tithíochta sóisialta, mar gheall ar thosca athraithe buiséid, trí shraith leathnaithe de roghanna soláthair neamh-fhoirgníochta, lena n-áirítear Léasú Sóisialta agus an Scéim um Chóiríocht ar Cíos. Chomh maith leis an athrú béime sin leanadh le níos mó béime a chur ar an stoc a bhí ann cheana féin d'áiteanna cónaithe faoi úinéireacht an údaráis áitiúil a bhainistiú agus a fheabhsú.
Lean an Rannóg Tithíochta le clár uasghrádaithe an stoc Tithíochta in 2010 agus rinneadh iarracht iad a thabhairt cothrom le dáta ó thaobh na gcaighdeán tógála nua-aimseartha, lena n-áirítear tithe folmha a iarfheistiú agus dul i mbun uasghráduithe fuinnimh de réir scéim mhaoinithe nua arna fógairt ag an Rannóg. Bhí baint ag pluideanna dóiteáin a shuiteáil sa stoc go léir atá ar cíos leis an bpróiseas uasghrádaithe. Bhí dul i mbun oibreacha ar thithe folmha a raibh gá iad a dheisiú go mór mar chuid den chlár freisin, d'fhonn iad a bheith ar fáil le hathligean go tapa.
Ba 2,824 aonad a bhí i stoc tithíochta an chontae ag deireadh na bliana agus ba é 97% an meánráta áitíochta.

<u>Bhí na gníomhaíochtaí seo a leanas ar siúl ag an Rannóg Tithíochta in 2010:</u>

- Cuireadh Scéim Oibreacha Deisiúcháin Gharrán Cheanannais i gCeanannas i gcrích, agus mar chuid de tógadh 21 Teach Sóisialta nua.
- Cuireadh foirgneamh Acmhainní Pobail i gcrích i mBaile na Gaoithe san Uaimh lena chinnteofar lárionad don phobal agus cuideoidh sé le haghaidh a thabhairt ar na dúshláin a bhaineann le heisiamh agus míbhuntáiste sóisialta, bainistiú eastát agus rannpháirtíocht an phobail.
- Ceannaíodh 29 teach le leithdháileadh ar iarratasóirí tithíochta sóisialta faoin gclár Soláthair Infheistíochta i dTithíocht Shóisialta.
- Cuireadh trí Theachín Tuaithe nua i gcrích agus cuireadh tús le hoibreacha athchóirithe ar 70 Teachín Tuaithe a bhí ann cheana féin.
- Síníodh conradh i ndáil leis an Scéim Oibreacha Deisiúcháin Pháirceanna an Bhaile san Uaimh. Ach, b'éigean an conradh leis an bhfothairgeoir ar éirigh leis an conradh a fháil a fhoirceannadh mar gheall nár comhlíonadh coinníollacha an chonartha.
- Cuireadh tús le hoibreacha deisiúcháin ar Láithreán Stad Pháirc Naomh Mártan agus mar chuid den obair rinneadh na gnáthstruchtúir bhá a athsholáthar le 14 teach traidisiúnta.
- Íocadh níos mó na €1.8 milliún le breis agus 200 iarratasóir ar dheontais thithíochta faoi na scéimeanna seo a leanas – Deontas Oiriúnaithe Tithe le haghaidh Daoine faoi Mhíchumas, Cabhair Tithíochta le haghaidh Daoine Scothaosta agus Deontas d'Áiseanna Soghluaisteachta.

- Fuarthas ceadú le haghaidh 5 tionscadal san Uaimh agus Droichead Átha arna dtionscnamh ag Comhlachtaí Ceadaithe Tithíochta faoin Scéim Cúnaimh Caipitil inar cuireadh 16 aonad ar an iomlán ar fail do dhaoine atá ar liosta feithimh Tithíochta na Comhairle. Is le haghaidh cóiríocht a chur ar fáil do dhaoine a bhfuil riachtanais tithíochta speisialta acu atá an maoiniú, lena n-áirítear Daoine gan Dídean, Daoine Scothaosta a bhfuil sciath-thithíocht ag teastáil uathu, agus daoine faoi mhíchumais.
- Fuarthas ceadú i ndáil le tionscadal cóiríochta riachtanas speisialta i gCill Mhaighneann faoin Scéim Cúnaimh Caipitil.

Acht na dTithe (Forálacha Ilghnéitheacha) 2009

Achtaíodh roinnt forálacha d'Acht 2009 in 2010, lena n-áirítear

- Fóraim Daoine gan Dídean a bhunú agus Pleananna Gnímh maidir le hEaspa Dídine a ullmhú ar bhonn Réigiúnach. Rinneadh an Mhí, Cill Dara agus Cill Mhantáin a ghrúpáil le chéile chun Fóram Réigiún an Lár-Oirthir do Dhaoine gan Dídean a dhéanamh suas agus glacadh le Plean Gnímh Easpa Dídine i mBealtaine 2010.

- Glacadh le Straitéis um Iompar Frithshóisialta i ndáil le stoc Tithíochta na Comhairle.

- Cuireadh bonn Reachtach ar fáil don Scéim um Chóiríocht ar Cíos.

- Tugadh isteach Scéim nua Cheannaigh Incrimintigh chun tionóntaí a bhí ag an Údarás Áitiúil cheana féin nó iarratasóirí ó liostaí feithimh Tithíochta Sóisialta a éascú chun tithe nua de chuid an Údaráis Áitiúil a cheannach.

### *7.1 Tionscnamh Léasaithe Tithíochta Sóisialta*

Sheol an Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil (DOEHLG) an tionscnamh Léasaithe Tithíochta Sóisialta sa bhliain 2009. Le léasú a thabhairt isteach mar fhoirm de sholáthar tithíochta sóisialta, leathnaítear na roghanna atá ar fáil chun an soláthar tithíochta sóisialta a mhéadú. Le léasú, tugtar isteach níos mó solúbthachta i gcomhdhéanamh an stoic tithíochta agus tugtar deis d'údaráis tithíochta leas a bhaint as coinníollacha margaidh chun cur le haschur agus freastal don riachtanas tithíochta ar shlí atá éifeachtach ó thaobh costais de. Leis an tionscnamh sin, cuirtear an beartas Tithe Baile a Sheachadadh agus Pobail a Chothabháil chun cinn, sé sin pobail ar ioncaim mheasctha/tionacht mheasctha a bhaint amach ag dlús agus rátaí áitíochta cuí agus comhchruinnithe sóisialta a sheachaint. Leis an tionscnamh, foráiltear do thrí fhoirm Léasaithe:

1. Údaráis Áitiúla ag tógáil maoin ar léas ó úinéirí príobháideacha ar feadh tréimhsí 10-20 bliain.
2. Comhlachtaí Ceadaithe Tithíochta ag tógáil maoin ar léas ó úinéirí maoine, ag ceannach ar an margadh nó ag tógáil maoine agus á gcur ar fáil do sholáthar tithíochta sóisialta trí íocaíocht dhíreach agus Comhaontuithe feidhme leis an DOEHLG.
3. Údaráis Áitiúla ag úsáid stoc tithíochta inacmhainne nach bhfuil díolta.

Tá Comhairle Chontae na Mí ag dul i mbun treoirthionscadail faoin tSaoráid Léasaithe Réamhchaipitil (CALF) do 10 aonad ag Droichead an Ridire, Sráidbhaile Lucht Scoir Bhaile Átha Troim agus Cumann Tithíochta Tuath. Chomh maith leis sin, fuair an Chomhairle Léiriú Spéise ó 5 comhlacht ceadaithe tithíochta i ndáil le socrúithe léasaithe maidir le 10 scéim in áiteanna éagsúla timpeall an chontae in 2010. Táthar ag tabhairt tús áite níos mó agus níos mó do Léasú mar rogha tithíochta inmharthana in 2011.

### *7.2 An Scéim um Chóiríocht ar Cíos*

Is le haghaidh daoine a bhfuil forlíonadh cíos á fháil acu (níos faide ná 18 mí de ghnáth) agus a mheasann an tÚdarás Tithíochta go bhfuil riachtanas tithíochta fadtéarmach acu an Scéim um Chóiríocht ar Cíos (RAS). Le RAS, cuirtear rogha eile ar fáil d'Údaráis Tithíochta chun freastail do riachtanais chóiríochta daoine dá leithéid. Faigheann an tÚdarás Áitiúil cóiríocht do na daoine a bhfuil folíonadh cíosa á fháil acu agus déantar socruithe le tiarnaí talún príobháideacha le haghaidh léasanna fadtéarmacha nó gearrthéarmacha.

Meastar go mbeidh ról mór ag an scéim sin amach anseo maidir le haghaidh a thabhairt ar riachtanais chóiríochta daoine mar gheall ar chúrsaí eacnamaíochta faoi láthair agus tá an scéim á cur chun cinn go gníomhach ag Comhairle Chontae na Mí agus tá béim faoi leith á cur ar aghaidh a thabhairt ar riachtanais daoine singile a bhfuil cónaí orthu i gcóiríocht ar cíos atá ar dhroch-chaighdeán.

Thosaigh an tAonad RAS i mbun oibríochta in 207 agus leanadh á fhorbairt in 2010. Ba é 72 líon iomlán na n-aistrithe a rinneadh in 2010, le 46 aistriú i ndáil le cíos príobháideach agus 26 aistriú i ndáil le Comhlachtaí Deonacha.

Faoi dheireadh na bliana 2010, bhí 162 tionónta aistrithe go dtí an RAS.

Cuireadh athbhreithniú ar chonarthaí tiarnaí talún agus comhaontuithe cíosa i gcrích i rith na bliana agus rinneadh coigilt mhór i gcíos mar thoradh air sin.

Mar chuid de mheasúnú na dtionóntaí a fhaigheann Forlíonadh Cíosa le haghaidh RAS, téitear i mbun cigireachtaí ar a gcóiríocht phríobháideach ar cíos faoi na Rialacháin Tithíochta (Caighdeáin Tithe ar Cíos) 2008 freisin. Chuathas i mbun 148 cigireacht ar an iomlán sa chontae i rith 2010.

### *7.3 Tithíocht Inacmhainne*

Ag an 31 Nollaig 2007, mheas Comhairle Chontae na Mí go seachadfaí 1269 Teach Inacmhainne i rith na tréimhse 2008/2010 trí Chuid V den Acht Rialtais Áitiúil (Pleanáil agus Forbairt) 2000 a chur chun feidhme. Measadh go gcosnódh na haonaid sin níos mó na €123 milliún, arb ionann é agus neamhchosaint airgeadais na Comhairle dá dteipeadh uirthi na tithe sin a dhíol le ceannaitheoirí inacmhainne.
Cuireadh tús le clár gníomhaíochta ilghnéitheach agus foghach chun tithe inacmhainne a chur de láimh agus chun féichiúnas Chomhairle Chontae na Mí a lean as cur chun feidhme Chuid V a laghdú. Tá líon na n-aonad a bhí ar láimh amhail an 31 Nollaig 2010 laghdaithe go 14 leis an dianchlár gníomhaíochta lena rinneadh, i measc nithe eile, comhaontuithe Chuid V a ath-chaibidliú, costas tithe a fhórdheonú, an Straitéis Tithíochta a leasú agus aonaid a aistriú go húsáid shóisialta agus léasú/RAS. D'áirithigh an Chomhairle díolacháin maidir le 22 aonad Inacmhainne in 2010.

### *7.4* Easpa Dídine

Déileáiltear le daoine aonair agus le teaghlaigh a bhfuil riachtanais chasta acu mar mhíchumas dé-fháthmheasa/fáthmheasanna meabhairshláinte, andúil i ndrugaí, spleáchas ar alcól, péidifilia agus saincheisteanna eile i gcomhar le rannóga cuí de chuid an HSE. Tá 2 oibrí Forochtana/Athshocraithe fostaithe ag an gComhairle chun tarluithe Easpa Dídine a láimhseáil.
Tháinig breis agus 350 duine i láthair mar dhaoine gan dídean in 2010. Mar thoradh air sin, chuir an Chomhairle cóiríocht ghearrthéarmach ar fáil do 98 duine fásta agus 26 páiste.

### *7.5* Cóiríocht don Lucht Siúil

Bíonn cruinnithe ráithiúla ag an gCoiste Comhchomhairleach Áitiúil um Chóiríocht don Lucht Siúil agus déanfaidh siad monatóireacht ar an dul chun cinn a dhéanfar maidir le spriocanna atá leagtha amach sa phlean.
Cuireadh tús le hoibreacha deisiúcháin ar Láithreán Stad Pháirc Naomh Mártan agus mar chuid den obair rinneadh na gnáthstruchtúir bhá a athsholáthar le 14 teach traidisiúnta.
Leis an gcomhaireamh bliantúil a cuireadh i gcrích i mí na Samhna 2010, léiríodh raibh 319 teaghlach den Lucht Siúil ina gcónaí sa Mhí.

## 8 ACMHAINNÍ DAONNA

### 8.1 Foireann

| Bliain | An Líon Foirne | Coibhéis Lánaimseártha |
|---|---|---|
| 2010 | 808 | 669.82 |
| 2009 | 833 | 713.20 |
| 2008 | 939 | 812.69 |

| Saoire Bhreoiteachta (Laethanta Oibre a cailleadh mar gheall ar neamhláithreacht bhreoiteachta) | Céatadán |
|---|---|
| Saoire Bhreoiteachta Dheimhnithe | 4.32 |
| Saoire Bhreoiteachta Neamhdheimhnithe | 0.64 |

| Caiteachas ar Oiliúint agus Forbairt mar chéatadán de chostais phárolla | 4.08% |
|---|---|

## 9 TEICNEOLAÍOCHT NA FAISNÉISE

Bliain fíor-ghnóthach agus fíor-tháirgiúil a bhí in 2010 do Chórais Fhaisnéise. Cé gur laghdaíodh an líon foirne, cuireadh mórthionscnaimh i gcrích nó tá siad go mór chun cinn agus rinneadh go leor airgid a shábháil i gcostais don chomhairle agus cuireadh feabhas ar sheirbhísí.

**Na Príomhnithe a Baineadh Amach**

An Córas Acmhainní Daonna (HR) agus Párolla
Cuireadh Céim 1 de chur i bhfeidhm an Chórais HR agus Párolla i gcrích, chomh maith le Párolla agus Am agus Tinreamh don fhoireann allamuigh agus modúl Aoisliúntais.

Ríomh-Íocaíochtaí
Tugadh córas íocaíochtaí leictreonach isteach agus is le Cíosanna a bhaineann na tseirbhís tosaigh. Déanfar é sin a leathnú go dtí seirbhísí éagsúla de chuid na comhairle mar éascaíocht do chustaiméirí.

Seirbhísí Ar Líne
I measc na nithe breise agus na feabhsúcháin a rinneamar maidir lenár láithreacht ar líne is fiú aird ar leith a thabhairt do na nithe seo a leanas:

- www.meatharoundtheworld.ie – láithreán líonraithe a cheanglaíonn daoine ó ar fud na cruinne le chéile a bhfuil spéis acu i ngnó sa Mhí
- www.solheimcupmeath.ie – láithreán atá tiomanta do chomórtas Chorn Solheim 2011 a thionólfar ag Caisleán an Chillín
- www.meathcommunities.ie – ceanglaíonn an tairseach nua seo grúpaí pobail ar fud na tíre le chéile
- Twitter.com/meathcoco – leis an tseirbhís sin, cuirtear an nuacht is déanaí ar fáil agus bhí sé an-úsáideach le linn na tréimhse drochaimsire a bhí ann in 2010

Bainistiú Priontála
Le leathadh amach seirbhís phriontála bhainistithe, tá costais phriontála laghdaithe go mór agus tá caighdeán agus iontaofacht feabhsaithe freisin.

# 10 INFRASTRUCHTÚR

## 10.2 *Bóithre*

### 10.2.1 Bóithre Náisiúnta Trasna Cho. na Mí

| | |
|---|---|
| Seachbhóthar Bhaile Shláine | Táthar i mbun Chéim IV. D'iarr an Bord Pleanála Tuilleadh Eolais agus cuireadh é sin ar fáil dóibh. Táthar ag fanacht ar fhógra maidir le hÉisteacht ó Bhéal. |
| Mótarbhealach M3 Cluain Aodha ó Thuaidh de Cheanannas | Curtha i gcrích agus osclaíodh é an 4 Meitheamh 2010 |
| N2 Forleagan Cosáin ó Dheas de Bhaile Sláine | Oibreacha curtha i gcrích |
| N52 Seachbhóthar Cheanannais | Curtha i gcrích |
| N2 Cill Dhéagláin Baile Átha Fhirdhia | Tionscadal Srianta ar fionraí |
| N52 Forleagan Cosáin ag Cashel | Oibreacha curtha i gcrích |
| N52 Scéimeanna d'Fhorleagan Cosáin ag Mandistown, Baile Chraibhil, Stephenstown agus an Ráth Nua Bheag | Oibreacha curtha i gcrích |
| N51 Ailíniú Dhún Mó | Oibreacha curtha i gcrích |
| Scéimeanna Sábháilteachta ar Chostas Íseal ar an N2, N51 agus N52 | Oibreacha curtha i gcrích |

### 10.2.2 Bealaí i gCo. na Mí nach Bealaí Náisiúnta iad

| | |
|---|---|
| R161 Feabhsú Bhóthar na hUaimhe go Baile Átha Troim | Oibreacha ar siúl |
| R154 Baile Phádraig An Seanchaisleán Céim 2 | Oibreacha curtha i gcrích go mór |
| Sráid Chonnacht, Baile Átha Buí | Oibreacha curtha i gcrích go mór |
| Feabhsúcháin ar Shráidbhaile Bhaile an Cheantaigh | Oibreacha curtha i gcrích |
| Scéimeanna Sábháilteachta ar Chostas Íseal ar Bhóithre Réigiúnacha agus ar Bhóithre Áitiúla | |
| Oibreacha Cothabhála agus Deisiúcháin Droichid ar Bhóithre Réigiúnacha agus ar Bhóithre Áitiúla | |

### 10.2.3 Scéimeanna Bóithre atá ag an gCéim Phleanála / Deartha

- N3/R161 (Gleann Ghort an Tobair go Bóthar Bhaile Átha Troim san Uaimh)
- N51 Dún Mó Céim 2
- R160 Bóthar Bhaile Átha Troim / Maigh Dearmhaí
- R157 Bóthar Mhaigh Nuad / Dún Bóinne (Maigh Gadaí)
- Bóthar Bhaile an Cheantaigh go Bóthar na Bóinne
- R150 Seachbhóthar Dhamhliag
- R156 Dún Bóinne / Cnoc an Línsigh
- L-1601 Ros na Rí
- R150 Damhliag / Baile Iúiliáin Mionoibreacha Chéim 2

## *10.3Seirbhísí Uisce*

Tá Clár Seirbhísí Uisce Chomhairle Chontae na Mí comhdhéanta díobh seo a leanas:

- An Clár Mórinfheistíochta Caipitil
- An Clár Uisce Tuaithe

### 10.3.1 Conarthaí Uisce

| | |
|---|---|
| **Soláthar Uisce na hUaimhe agus Lár na Mí**<br><br>Conradh 2 – Taiscumair agus Príomhlíonraí Trunca Chnoc an Chairn agus Baile an Phrútaigh | €18,250,000 |
| **Soláthar Uisce na hUaimhe agus Lár na Mí**<br><br>Conradh 3 – Príomhlíonra an Chuair Theas | €7,000,000 |
| **Scéim Mhéadúcháin Uisce Choill Droch - Céim 1**<br><br>Conradh 3 – Oibreacha Sibhialta | €1,700,000 |
| **Scéim Mhéadúcháin Uisce Choill Droch - Céim 1**<br><br>Conradh 4 Oibreacha M&E | €250,000 |
| **Soláthar Uisce Dhún Seachlainn**<br><br>Conradh 3 – Oibreacha Sibhialta | €17,000,000 |
| **Soláthar Uisce Dhún Seachlainn**<br><br>Conradh 4 Oibreacha M&E | €2,500,000 |
| **Tionscadal Caomhnaithe Uisce ar fud an Chontae**<br><br>(Céim 1 agus Céim 2 Curtha i gcrích ar chostas c€6.4m) (Céim 3 le tosú in 2011 ar chostas c€11.6m) | €18,000,000 |
| Tionscadal Méadraithe Tráchtála | €5,000,000 |

### 10.3.2 Conarthaí Fuíolluisce

| | |
|---|---|
| **Scéim Séarachais Chill Dhéagláin / Ráth Tó – Céim 2**<br>Conradh 3 Oibreacha Sibhialta | €11,750,000 |
| **Scéim Séarachais Chill Dhéagláin / Ráth Tó – Céim 2**<br>Conradh 4 Oibreacha M&E | €2,750,000 |
| **Scéim Séarachais an Bhóthair Bhuí**<br>Uasghrádú Líonra Céim 2 | €4,000,000 |
| **Mórscéim Fuíolluisce Ghrúpáilte**<br>DBO – Saoráidí Cóireála a chur ar fáil ag 8 láthair | €32,000,000 |
| **Mórscéim Fuíolluisce Ghrúpáilte**<br>Conradh Líonra A<br>(líonraí séarachais i nDamhliag, Dún Uabhair, Cill Mhaighneann agus Maigh nEalta | €11,000,000 |
| **Mórscéim Fuíolluisce Ghrúpáilte**<br>Conradh Líonra B<br>(líonraí séarachais i mBaile Átha Buí, Ráth Chairn, Ráth Maoláin agus Cnoc an Línsigh) | €14,000,000 |

### 10.3.3 Scéimeanna atá ag an gCéim Phleanála / Deartha

- Scéimeanna Uisce:
  Scéim Soláthair Uisce na hUaimhe agus Lár na Mí
  Conarthaí 4,5 & 7

  Scéim Soláthair Uisce Cheanannais /an tSeanchaisleáin

  Tionscadal Caomhnaithe Uisce ar fud an Chontae
  Céim 3 - Athshlánú
  (Athsholáthar an phríomhlíonra uisce ar chostas €11.6m le déanamh trí roinnt conarthaí)

- Scéimeanna Fuíolluisce:
  Scéim Séarachais Chill Dhéagláin/Ráth Tó/Chill Bhríde
  Conradh 5 Athshlánú Séaraigh agus Dúnphoill

  Scéim Séarachais an tSeanchaisleáin

  Scéim Séarachais Cheanannais

## 11 PLEANÁIL

**Cuspóir Straitéiseach**

Córas pleánala fisiciúil a oibriú laistigh de phatrúin lonnaíochta inmharthana trína ndéanfar spreagadh d'fhorbairt eacnamaíochta i gContae na Mí a éascú agus a chur ar fáil, agus caomhnú na timpeallachta sa chontae, idir nádúrtha agus tógtha, á chothú i gcónaí.

### *11.1 Athrú Eagraíochtúil*

Tá an Rannóg Pobail lonnaithe anois in éineacht leis an Rannóg Pleanála in Oifigí Bhóthar na Mainistreach. Tá seirbhísí Oidhreachta agus Caomhnaithe curtha isteach san Fheidhm Pleanála. Nuair a cuireadh na Pleananna Limistéir Áitiúla i gcrích, rinneadh acmhainní a ath-imlonnú chuig athbhreithniú ar threoirlínte Pleanála Réigiúnaí, agus chuig an réamhobair ar athbhreithniú 2011 den Phlean Forbartha Contae. Rinneadh baill foirne a bhí ag obair san fheidhm Bhainistithe Forbartha a imlonnú chuig feidhmeanna Forfheidhmiúcháin agus Airgeadais. D'úsáid an Rannóg Pleanála acmhainní foirne freisin agus iad ag ullmhú d'athbhreithniú mó ar earnáil na gCairéal, tar éis foilsiú an Achta um Pleanáil agus Forbairt 2010.

### *11.2 Bainistiú Forbartha*

Thug an Rannóg Pleanála ar aird gur tháinig laghdú 28% ar líon na n-iarratas pleanála a fuarthas in 2010.

| Catagóir | Iarratais a breithníodh | % Deontais | % Diúltaithe | Líon na gcásanna arna ndeimhniú ag an mBord Pleanála | Líon na gcásanna arna bhfreaschur ag an mBord Pleanála |
|---|---|---|---|---|---|
| Forbairtí Tithíochta | 18 | 50 | 50 | 3 | 2 |
| Tithe Aonair | 247 | 78.14 | 21.86 | 4 | 2 |
| Eile | 810 | 82.1 | 17.9 | 23 | 15 |
| EIS ag Teastáil | 13 | 84.62 | 15.38 | 2 | 1 |

**11.3 Áirítear iad seo a leanas ar na Mór-Iarratais Phleanála a fuarthas nó a breithníodh in 2010:**

- Saoráidí scoile ag:
